AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.6.2023
COM(2023) 291 final

TUARASCÁIL ÓN GCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA HEORPA, CHUIG AN GCOMHAIRLE, CHUIG AN GCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAIS AGUS CHUIG AN GCOISTE FOSTAÍOCHTA

Tuarascáil maidir leis an ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19 de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle
SURE i ndiaidh a éagtha: tuarascáil leathbhliantúil deiridh

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Is í seo an cúigiú tuarascáil leathbhliantúil, agus an ceann críochnaitheach, maidir leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE). Deimhnítear léi na torthaí a leagtar amach sna tuarascálacha roimhe sin, cuirtear i láthair léi oibríochtaí agus úsáid na hionstraime agus déantar athbhreithniú léi ar a tionchair shocheacnamaíocha. B'ionstraim ghéarchéime é SURE, ina bhfuil méid de EUR 100 billiún, arbh é an tAontas Eorpach a chruthaigh é chun cuidiú leis na Ballstáit poist agus ioncaim oibrithe a chosaint i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Tháinig deireadh le SURE an 31 Nollaig 2022, agus leanadh d'fhaireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme tar éis an dáta sin, rud a chuimsítear leis an tuarascáil seo. Tagann deireadh leis an bhfaireachán le foilsiú na tuarascála seo.

Leis an tuarascáil seo tugtar aghaidh ar chuid de na barúlacha breise a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ina Tuarascáil Speisialta maidir le SURE, a foilsíodh i Nollaig 2022. Rud atá tábhachtach, áirítear leis an tuarascáil seo tuilleadh anailíse ar chórais náisiúnta rialaithe agus iniúchta, fianaise bhreise lena ndeimhnítear iontaofacht an lín daoine agus gnólachtaí a chumhdaítear le SURE, agus tuilleadh anailíse ar na bearta a bhaineann le sláinte a chumhdaítear le SURE.

Ionstraim nua a cuireadh i bhfeidhm go tapa chun freagairt do thionchar socheacnamaíoch na paindéime

Cuireadh an ionstraim chun feidhme go gasta agus go rianúil. Mar chuid de fhreagairt tosaigh an Aontais ar an bpaindéim, mhol an Coimisiún Rialachán SURE an 2 Aibreán 2020, agus ghlac an Chomhairle an Rialachán an 19 Bealtaine 2020. Léiriú láidir dlúthpháirtíochta ba ea SURE ar fud na mBallstát tríd an Aontas: chomhaontaigh na Ballstáit uile ráthaíochtaí déthaobhacha a sholáthar don Aontas ionas go mbeadh sé in ann iasacht a fháil ó na margaí ar choinníollacha an-fhabhrach chun iasachtaí SURE a mhaoiniú. Tháinig an t-imchlúdach airgeadais arbh fhiú EUR 100 billiún é chun bheith ar fáil an 22 Meán Fómhair 2020, tar éis do na Ballstáit uile comhaontuithe ráthaíochta a shíniú. Bhrostaigh an Coimisiún cur chun feidhme na hionstraime, agus é ag obair go dlúth leis na Ballstáit agus cúnamh airgeadais á dheonú aige don Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ungáir. Rinneadh os cionn 90 % den chúnamh airgeadais a deonaíodh a eisíoc laistigh de 7 mí agus sin amháin, ó Dheireadh Fómhair 2020 go Bealtaine 2021. Rinneadh tuilleadh eisíocaíochtaí in 2022, chun freastal ar na Ballstáit arbh fhearr leo cistí a fháil níos déanaí nó a d'iarr cúnamh airgeadais breise.

San fhómhar 2022, deonaíodh cúnamh airgeadais breise d'ocht mBallstát. Ba ann don tacaíocht bhreisithe sin le haghaidh caiteachas breise a tabhaíodh in 2021 – agus i gcásanna áirithe suas go dtí go luath in 2022 – ar na bearta tacaíochta éigeandála lenar tacaíodh cheana le SURE. D'fhéadfaí tacaíocht SURE a iarraidh le haghaidh caiteachas incháilithe a bhaineann le COVID, bunaithe ar chaiteachas pleanáilte nó caiteachas tabhaithe, agus an caiteachas tabhaithe sin gan bheith faoi réir aon riosca ionsúcháin de réir sainmhíniú. Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme leasaitheach ón gComhairle freisin le haghaidh na Polainne chun aghaidh a thabhairt ar a bearna ionsúcháin.

D'eisigh an tAontas bannaí sóisialta den chéad uair chun cúnamh airgeadais SURE le haghaidh na mBallstát a mhaoiniú. Sa bhreis ar cheanglais Rialachán SURE, leis an tuarascáil seo soláthraítear an tuairisciú ábhartha freisin faoi Chreat Bannaí Sóisialta SURE ón Aontas agus athdheimhnítear go ndearnadh caiteachas SURE a ailíniú go maith le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

D'éirigh leis an gCoimisiún bannaí sóisialta SURE arbh fhiú EUR 6,5 billiún iad a eisiúint i Nollaig 2022, rud a d'ídigh imchlúdach SURE ina iomláine beagnach. Ba é sin an t-idirbheart críochnaitheach de chuid feachtas eisiúna rathúil lenar mealladh spéis láidir ó infheisteoirí agus coinníollacha praghsála fabhracha. Ar an bhforiomlán, eisíocadh cúnamh airgeadais SURE arbh fhiú EUR 98,4 billiún é le 19 mBallstát, gar don uasmhéid EUR 100 billiún. Ní féidir an EUR 1,6 billiún atá fágtha a iarraidh lena úsáid amach anseo ós rud é go bhfuil deireadh tagtha leis an ionstraim.

Úsáid leanúnach SURE ó Bhallstáit is tairbhithe

Leis an tuarascáil seo deimhnítear an meastachán roimhe sin gur cumhdaíodh le SURE thart ar 31,5 milliún duine agus os cionn 2,5 milliún gnólacht in 2020, nuair a tháinig an phaindéim i dtreis ar dtús. Léirítear leis sin thart ar an tríú cuid den fhostaíocht iomlán agus níos mó ná an ceathrú cuid de na gnólachtaí iomlána sna Ballstáit is tairbhithe. Iontaofacht ard na bhfigiúirí cumhdaigh sin, atá bunaithe go príomha ar shonraí riaracháin na mBallstát tar éis treoraíocht ón gCoimisiún, deimhníodh í. Ba iad na FBManna príomhfhaighteoirí chúnamh airgeadais SURE. Ba iad na hearnálacha is mó lenar tacaíodh seirbhísí diana ó thaobh teagmhála (seirbhísí cóiríochta agus bia, trádáil mhórdhíola agus mhiondíola) agus monaraíocht.

In 2021, go háirithe sa chéad leath den bhliain inar leanadh de scrios a dhéanamh de dheasca na paindéime, le SURE tacaíodh le líon measta 9 milliún duine agus le níos mó ná 900 000 gnólacht. Sa chéad leath de 2021 ceanglaíodh bearta tacaíochta eacnamaíocha fós ach céimníodh amach iad ina dhiaidh sin de réir mar a chuaigh tionchar eacnamaíoch agus sláinte na paindéime i laige. Tharla an leachtú céimseach sin nuair a rolladh vacsaínithe amach agus nuair a d'oiriúnaigh geilleagair an Aontais a thuilleadh don phaindéim.

In 2022, le SURE meastar gur tacaíodh le beagnach 350 000 duine agus le níos mó ná 40 000 gnólacht, i gcomhréir leis an laghdú ar chaiteachas a bhaineann le SURE. I gcás fhormhór na mBallstát is tairbhithe bhí a mbearta coinneála poist éigeandála céimnithe amach acu faoi lár 2022. Níor úsáid ach ceithre Bhallstát SURE chun bearta a chistiú in 2022, agus méid nach raibh cothrom ach le EUR 5 bhilliún á chaitheamh acu de réir mar a lean maolú de bheith ag teacht ar thionchar na paindéime.

Tá an caiteachas poiblí pleanáilte iomlán uile faoi SURE forghníomhaithe anois. Shroich an caiteachas poiblí iomlán ar bhearta incháilithe SURE EUR 122 bhilliún sna Ballstáit is tairbhithe. Tá an méid sin i bhfad níos mó ná an cúnamh airgeadais iomlán a deonaíodh (EUR 98 mbilliún), ós rud é go ndearna Ballstáit éagsúla maoiniú SURE ar bhearta incháilithe a fhorlíonadh le cistiú náisiúnta, lena léirítear ábharthacht na mbeart lena dtacaítear le SURE.

Rinneadh beagnach leath an chaiteachais phoiblí iomláin ar bhearta atá incháilithe le haghaidh SURE a leithdháileadh ar scéimeanna oibre gearr-ama. Leithdháileadh an tríú cuid de, beagnach, ar bhearta comhchosúla le haghaidh daoine féinfhostaithe. Rinneadh fuílleach an

chaiteachais phoiblí a leithdháileadh ar bhearta fóirdheontais pá – cosúil le scéimeanna oibre gearr-ama cé nach bhfuil siad bunaithe ar na huaireanta a oibríodh – agus bearta a bhaineann le sláinte. Rannpháirtíocht na mban agus na hóige in obair ghearr-ama, mhéadaigh sí freisin le linn ghéarchéim COVID-19.

Cineál coimhdeach an chaiteachais a bhaineann le sláinte deimhníodh é, agus gan ach dhá chúigiú de na Ballstáit is tairbhithe SURE á gcumhdach leis agus gan ach 5 % den chaiteachas iomlán á léiriú leis. D'úsáid ocht mBallstát as 19 díobh SURE chun bearta a bhaineann le sláinte a mhaoiniú. As sin, bhain 22 % le bearta a rinneadh san áit oibre chun filleadh sábháilte ar an obair a áirithiú.

Thairis sin, úsáideadh SURE chun maoiniú éifeachtach a dhéanamh ar chineálacha éagsúla beart a bhaineann le sláinte. Dáileadh na bearta sin go cothrom beagnach ar fud i) bearta coisctheacha in aghaidh COVID-19, ii) costais saothair bhreise chun oibrithe cúraim sláinte a earcú agus tacú leo agus iii) trealaimh cúraim sláinte agus cógas a cheannach, lena n-áirítear vacsaíní. Leis na bearta sin éascaíodh filleadh níos tapa ar an obair nó soláthraíodh tacaíocht éigeandála fháilteach don earnáil cúraim sláinte in ocht mBallstát a d'úsáid SURE chun tacú le caiteachas a bhaineann le sláinte.

Rud atá tábhachtach, tá cúnamh airgeadais SURE uile ionsúite sna Ballstáit uile anois. An tsaincheist ionsúcháin in dhá Bhallstát (an Rómáin agus an Pholainn), rud ar a ndearnadh faireachán dlúth agus a tuairiscíodh go mion sa cheathrú tuarascáil leathbhliantúil, tá sí réitithe ina hiomláine anois. Sa Rómáin, dúnadh an bhearna ionsúcháin go hiomlán a bhuí leis an laghdú ar an méid iomlán a deonaíodh agus tabhairt isteach beart incháilithe breise in Iúil 2022. Deimhníodh an méid sin le sonraí forghníomhúcháin buiséadacha críochnaitheacha. Sa Pholainn, an bhearna mheasartha ionsúcháin i gcomparáid leis an méid a deonaíodh, réitíodh í trí dhá bheart nua atá incháilithe le haghaidh SURE a áireamh i gCinneadh Cur Chun Feidhme leasaitheach ón gComhairle a glacadh i Samhain 2022.

Measúnú a tugadh cothrom le dáta ar thionchar SURE

Leis an bhfreagairt bheartais ar ghéarchéim COVID-19 cuireadh cosc go héifeachtach ar thart ar 1,5 milliún duine teacht chun bheith dífhostaithe in 2020 agus is féidir gur rannchuidíodh le formhór an mhéid sin le scéimeanna a cistíodh le SURE. Bhí an méadú ar dhífhostaíocht in 2020 sna Ballstáit is tairbhithe an-mheasartha, d'ainneoin na titime móire ar aschur eacnamaíoch, agus bhí sé i bhfad níos ísle ná mar a bhí coinne leis de réir caighdeáin stairiúla. Baineadh an méid sin amach trí fhostaithe a choinneáil ina ngnólachtaí agus gníomhaíocht na ndaoine féinfhostaithe a choinneáil ar bun. Le hionsamhlúcháin léiritheacha bhreise arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus úsáid á baint as an tsamhail Iltíre Dhomhanda tugtar le tuiscint go bhféadfaí suas le 1 mhilliún post a shábháil in 2020 sa limistéar euro amháin leis na scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a cistíodh go díreach le SURE (rud a sheasann do 14 as 19 dtairbhí SURE). Tugtar le tuiscint leis sin gur dócha gur sheas scéimeanna oibre gearr-ama a cistíodh le SURE d'fhormhór an 1,5 milliún post mheasta iomlána a sábháladh leis an bhfreagairt bheartais fhoriomlán ar COVID-19 ar fud na 19 dtairbhí SURE.

Is féidir go raibh SURE ina rannchuidiú freisin le hardú i neamhionannas an mhargaidh saothair a chosc ar fud an Aontais. Tá codarsnacht idir é sin agus forbairtí a rinneadh tar éis na géarchéime airgeadais domhanda. Sa tréimhse 2020-2022, laghdaíodh scaipeadh rátaí

díthostaíochta idir tairbhithe SURE agus na Ballstáit eile agus ar fud thairbhithe SURE chomh maith leis sin.

Le SURE cuireadh breisluach isteach go sonrach trí mhuinín a chothú sa gheilleagar agus na Ballstáit a spreagadh go héifeachtach chun scéimeanna oibre gearr-ama forleathana agus uaillmhianacha a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta. Le fianaise bunaithe ar shuirbhé a sholáthraítear i dtuarascálacha roimhe sin deimhnítear tionchar sonrach SURE. Ar an gcéad dul síos, le SURE – ceann de na chéad ionstraimí airgeadais de chuid an Aontais a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt ar COVID-19 – cuidíodh le feabhas a chur ar mhuinín eacnamaíoch ghinearálta trí chumas an Aontais chun freagairt go gasta agus go héifeachtach do ghéarchéim gan fasach a léiriú. Ar an dara dul síos, trí SURE, thacaigh an tAontas le húsáid fhorleathan scéimeanna oibre gearr-ama agus spreag sé é sin (cur ar bun scéimeanna nua nó síneadh a chur le scéimeanna atá ann cheana). Ar an tríú dul síos, bhí SURE mar bhonn taca faoi mhuinín na mBallstát chun iasachtaíocht agus caiteachas níos mó a dhéanamh le haghaidh bearta coinneála poist ná mar a dhéanfaidís seachas sin. Le taighde ón Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa dearbhaítear gur méadaíodh glacadh scéimeanna oibre gearr-ama go suntasach le linn na paindéime agus ba é ba chúis go mór mór leis sin an méadú mór ar mhaoiniú an rialtais ar na bearta sin.

Is é a lean as cosaint na fostaíochta sa chéad 2 bhliain den phaindéim freisin téarnamh níos gasta in 2021 ná i ngéarchéimeanna roimhe sin. Le sonraí suirbhé léirítear gurb amhlaidh in 2021 a bhí tacaíocht SURE dírithe ar na hearnálacha a raibh drochthionchar ag an bpaindéim orthu fós. Bhí caiteachas SURE dírithe ar an gcéad leath den bhliain freisin, tráth a bhí bearta imshrianta níos déine. Tugtar le tuiscint leis sin go raibh SURE dírithe ar na riachtanais is práinní trí thacú leis na hearnálacha is mó a bualadh.

Go han-choincréiteach, meastar anois gur shábháil na Ballstáit EUR 9,0 billiún san iomlán in íocaíochtaí úis trí chúnamh airgeadais a fháil trí SURE. Mínítear an figiúr sin trí na coinníollacha maoiniúcháin an-fhabhrach atá ag an Aontas agus meánfhad fada na n-iasachtaí a deonaíodh do na Ballstáit. D'ardaigh an coigilteas úis measta leis an 9ú hidirbheart SURE, agus an t-idirbheart críochnaitheach, i Nollaig 2022.

Na córais rialaithe agus iniúchta arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit

I gcomhréir lena n-oibleagáidí dlíthiúla, thuairiscigh na Ballstáit uile gur fhíoraigh siad cur chun feidhme beart lena dtacaítear le SURE, trí rialuithe ex ante nó rialuithe ex post lena n-áirítear iniúchadh (nó iad araon). Thuairiscigh na Ballstáit uile beagnach gur rialaigh siad na bearta ex ante uile lena dtacaítear le SURE (sular scaoileadh na cistí chuig na tairbhithe deiridh). Thuairiscigh níos mó ná leath na mBallstát uile gur rialaigh siad na bearta uile nó an chuid is mó díobh ex post (tar éis scaoileadh na gcistí). Thuairiscigh cúig Bhallstáit bhreise gur rialaigh siad an beart is mó nó an beart lenar bhain an riosca is mó calaoise agus neamhrialtachta ex post. Chun úsáid chuí cistí poiblí a áirithiú, na bearta nár rialaíodh ex ante rialaíodh ex post iad.

Ní mheasann aon Bhallstát go bhfuil ardriosca neamhrialtachtaí ná calaoise ag baint le bearta lena dtacaítear le SURE. Is minic a mhínítear an méid sin le coinníollacha incháilitheachta a shainmhínítear go dleathach agus go soiléir agus a leagadh amach agus a rialaíodh ex ante.

I gcás neamhrialtachtaí nó calaois dheimhnithe, ghnóthaigh na Ballstáit uile cistí nár úsáideadh go cuí nó tá na cistí sin á ngnóthú acu. Go sonrach, tarlú na neamhrialtachtaí nó na calaoise le haghaidh an bhirt is mó lena dtacaítear le SURE i ngach Ballstát bhí sé faoi bhun 2 % den chaiteachas iomlán i bhformhór na gcásanna. Ghnóthaigh formhór na mBallstát níos mó ná 75 % den mhéid iomlán a bhí dlite go dtí seo. Ina theannta sin, i gcásanna calaoise, rinne na Ballstáit uile bearta sa bhreis ar chistí a úsáideadh go míchuí a ghnóthú, amhail fógra a thabhairt do na comhlachtaí imscrúdaithe ábhartha. Thuairiscigh Ballstáit áirithe go ndearna siad gníomhaíocht choisctheach mar fhreagairt ar chalaois nó neamhrialtachtaí.

Éag ionstraim SURE i ndeireadh 2022

Ghabh éifeacht le clásal éagtha ionstraim SURE an 1 Eanáir 2023. I Rialachán SURE bhí 'clásal éagtha' lena sonraítear go dtiocfadh deireadh leis an Ionstraim an 31 Nollaig 2022, murar chinn an Chomhairle síneadh a chur léi, ar thogra ón gCoimisiún. An ceathrú tuarascáil leathbhliantúil i Meán Fómhair 2022 ní raibh togra chun síneadh a chur leis an Ionstraim ag gabháil léi. Bhí bearta éigeandála COVID-19 céimnithe amach ina n-iomláine beagnach faoi dheireadh an tsamhraidh 2022 agus lean tionchar eipidéimeolaíochta agus eacnamaíoch COVID-19 an treocht anuas ar feadh 2022. An 5 Bealtaine 2023, rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte COVID-19 a athaicmiú mar shaincheist sláinte bhunaithe agus leanúnach seachas mar éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní í ar an leibhéal idirnáisiúnta. Deimhnítear leis sin an measúnú ón gCoimisiún nach ann a thuilleadh do na tarluithe eisceachtúla lena dtugtar údar le SURE. Leanadh d'fhaireachán cúramach a dhéanamh sna chéad mhíonna de 2023 chun ionsú chúnamh airgeadais uile SURE a áirithiú, rud atá deimhnithe anois. Leis an tuarascáil seo tagann deireadh leis an bhfaireachán ar úsáid chúnamh airgeadais SURE.

RÉAMHRÁ

Is í seo an cúigiú tuarascáil leathbhliantúil, agus an ceann críochnaitheach, maidir leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE). Bhunaigh an tAontas Eorpach SURE i mBealtaine 2020 chun cuidiú leis na Ballstáit poist agus ioncaim oibrithe a chosaint le linn phaindéim COVID-19[1]. Leis sin soláthraíodh cúnamh airgeadais (suas le EUR 100 billiún) do na Ballstáit iarrthacha i bhfoirm iasachtaí lena ngabhann coinníollacha fabhracha. Bhí sé d'aidhm ag na hiasachtaí cuidiú leis na Ballstáit maoiniú a dhéanamh ar scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla a bhfuil sé d'aidhm acu fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint agus, mar ghné choimhdeach, bearta a bhaineann le sláinte, go háirithe san áit oibre, a mhaoiniú.

Tháinig deireadh le hionstraim SURE an 31 Nollaig 2022. Leis an gclásal éagtha le haghaidh infhaighteacht tacaíochta airgeadais faoi ionstraim SURE sonraíodh go dtiocfadh deireadh leis an 31 Nollaig 2022 murar chinn an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, síneadh a chur leis ar an mbonn gur lean na tarluithe eisceachtúla lenar éilíodh SURE (i.e. an suaitheadh eacnamaíoch géar a cruthaíodh le paindéim COVID-19) de bheith ann. Mheasúnaigh an Coimisiún nach ann do na tarluithe sin a thuilleadh, agus dá réir sin tháinig an clásal éagtha in éifeacht. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena ndeonaítear cúnamh airgeadais SURE do na Ballstáit a ghlacadh ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, leanadh d'fhaireachán a dhéanamh sna chéad mhíonna de 2023 chun ionsú chúnamh airgeadais deonaithe uile SURE a áirithiú, rud atá deimhnithe anois. Leis an tuarascáil seo tagann deireadh leis an bhfaireachán ar úsáid chúnamh airgeadais SURE.

Is oibleagáid dhlíthiúil an tuarascáil leathbhliantúil seo. Glacann an Coimisiún Eorpach í (an Coimisiún anseo feasta) i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2020/672 (Rialachán SURE) ón gComhairle[2] chun an oibleagáid atá air a chomhlíonadh maidir le tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA) agus don Choiste Fostaíochta (EMCO).[3]. Ós rud é go ndearnadh an cúnamh airgeadais uile a deonaíodh a eisíoc agus a chaitheamh faoi seo agus nach féidir aon chúnamh airgeadais breise a dheonú, is í seo an tuarascáil faireacháin leathbhliantúil chríochnaitheach ar SURE. Faireachán airgeadais ar aisíoc iasachtaí, leanfaidh Ard-Stiúrthóireacht Bhuiséid an Choimisiúin de sin go mbeidh na hiasachtaí uile gan íoc aisíoctha. Ba é an scoithdháta chun faisnéis a áireamh sa tuarascáil seo an 3 Márta 2023 le haghaidh thuairisciú na mBallstát, an 17 Márta 2023 le

[1] Leanann SURE as Treoirlínte Polaitiúla 2019-2024 ón gCoimisiún, lenar beartaíodh Scéim Eorpach Athárachais Sochair Dífhostaíochta chun saoránaigh na hEorpa a chosaint agus chun an brú ar airgeadas poiblí le linn suaití seachtracha a laghdú. Tar éis bhriseadh amach víreas COVID-19 san Eoraip, cuireadh ar bun é ar bhonn an togra ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2020.

[2] Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19, IO L 159, 20.5.2020, lch. 1 (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020R0672&from=en).

[3] Faoi Airteagal 14 den Rialachán, tuairisceoidh an Coimisiún ar úsáid cúnaimh airgeadais, lena n-áirítear méideanna gan íoc agus an sceideal aisíocaíochta is infheidhme faoi SURE, agus ar leanúint na dtarluithe eisceachtúla lena dtugtar údar le cur i bhfeidhm Rialachán SURE (paindéim COVID-19).

haghaidh faisnéis rialaithe agus iniúchta agus an 15 Bealtaine 2023 le haghaidh sonraí eacnamaíocha agus eipidéimeolaíochta[4].

Leis an tuarascáil seo cuirtear i láthair sonraí nua nó sonraí a tugadh cothrom le dáta lena ndeimhnítear, ó Fheabhra 2023, na measúnuithe dearfacha ar SURE a cuireadh i láthair sna tuarascálacha leathbhliantúla roimhe sin. Is féidir achoimre a dhéanamh ar a príomhthorthaí mar a leanas:

- Meastar gur cumhdaíodh thart ar 31,5 milliún duine agus 2,5 milliún gnólacht le SURE in 2020 in 19 mBallstát.
- Cumhdaíodh 9 milliún duine agus níos mó ná 900 000 gnólacht le SURE in 2021 in 15 Bhallstát, agus céimniú amach soiléir ann in 2022 nuair a cumhdaíodh 350 000 duine agus 40 000 gnólacht i 4 Bhallstát.
- Leis na bearta tacaíochta beartais a glacadh go héifeachtach cuireadh cosc ar thart ar 1,5 milliún duine teacht chun bheith dífhostaithe i mbuaic na paindéime in 2020. Le hionsamhlúcháin léiritheacha bhreise tugtar le tuiscint gur dócha gur sheas scéimeanna oibre gearr-ama a cistíodh le SURE d'fhormhór an tionchair mheasta sin.
- Bhí an ghníomhaíocht bheartais sin ina rannchuidiú freisin le neamhionannas an mhargaidh saothair a laghdú trí scaipeadh rátaí dífhostaíochta, go háirithe ar fud thairbhithe SURE, a laghdú.
- Deonaíodh cúnamh airgeadais do 19 mBallstát faoi SURE, ar deonaíodh tacaíocht bhreisithe bhreise do 11 díobh[5].
- Rinneadh os cionn EUR 98 mbilliún – gar don uasmhéid EUR 100 billiún – a leithdháileadh agus a eisíoc, lena n-áirítear EUR 6,5 billiún a eisíocadh le 9 mBallstát i Nollaig 2022.
- Bhí feidhm ag an gclásal éagtha ón 1 Eanáir 2023, rud a fhágann nach féidir aon chúnamh airgeadais breise a dheonú do na Ballstáit. Le sonraí eipidéimeolaíochta deimhnítear an measúnú ón gCoimisiún nach ann a thuilleadh do na himthosca eisceachtúla lena dtugtar údar d'úsáid SURE.
- Rinneadh cúnamh airgeadais uile SURE a ionsú faoi seo sna 19 mBallstát uile is tairbhithe.
- Lasmuigh de na héifeachtaí dearfacha ar thorthaí sóisialta agus fostaíochta, meastar gur shábháil na Ballstáit EUR 9,0 billiún in íocaíochtaí úis.
- Leithdháil na Ballstáit beagnach leath an chúnaimh airgeadais faoi SURE chun tacú le scéimeanna oibre gearr-ama, cé gur leithdháileadh an tríú cuid ar bhearta comhchosúla le haghaidh daoine féinfhostaithe.
- Leithdháileadh 5 % ar bhearta a bhaineann le sláinte, atá 'coimhdeach' i gcomhréir le Rialachán SURE. Orthu sin áirítear bearta coisctheacha in aghaidh COVID-19, trealamh cúraim sláinte agus costais saothair bhreise chun oibrithe cúraim sláinte a earcú agus

[4] Rinneadh na táblaí agus na ceistneoirí tuairiscithe uile maidir le rialú agus iniúchadh a chur isteach faoin 3 Márta 2023 agus faoin 17 Márta faoi seach ar dtús (ach amháin Málta, a chuir an tábla tuairisceáin isteach an 27 Márta 2023 agus an ceistneoir isteach an 17 Aibreán 2023). Ina theannta sin, soláthraíodh soiléirithe áirithe ar shonraí tar éis an dáta sin.

[5] Leis na 19 mBallstát cuimsítear an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ungáir.

chun tacú leo, agus baint ag bearta arna ndéanamh san áit oibre leis an gcúigiú cuid, a bheag nó a mhór, den mhéid.

- Thuairiscigh na Ballstáit uile gur rialaigh siad bearta lena dtacaítear le SURE ex ante nó ex post (nó iad araon). Ní mheasann aon Bhallstát go bhfuil ardriosca neamhrialtachtaí ná calaoise ag baint le bearta lena dtacaítear le SURE.
- Rinne na Ballstáit uile bearta feabhais mar fhreagairt ar neamhrialtachtaí nó calaois. Ghnóthaigh formhór na mBallstát níos mó ná 75 % den mhéid iomlán atá le gnóthú go dtí seo.

Leis an tuarascáil seo déantar an fhaisnéis atá sna chéad cheithre thuarascáil leathbhliantúla de chuid SURE a thabhairt cothrom le dáta agus soláthraítear anailís bhreise áirithe. Cumhdaítear léi forbairtí institiúideacha ó scoithdháta an cheathrú tuarascáil i Lúnasa 2022, lena n-áirítear cúnamh airgeadais breisiúcháin a deonaíodh d'ocht mBallstát, an leasú ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle le haghaidh na Polainne chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna ionsúcháin agus eisíocaíocht cistí a bhaineann leis na breisithe agus leis an bPolainn. Tugtar féachaint dhomhain ar chórais rialaithe agus iniúchta, lena n-áirithítear go n-urramaítear oibleagáidí an Chomhaontaithe Iasachta, rud a leanann as an gceistneoir ad hoc ar ar tuairiscíodh sa 3ú tuarascáil leathbhliantúil. An anailís atá sna tuarascálacha roimhe sin tugtar cothrom le dáta í, go háirithe maidir leis an gcaiteachas poiblí ó na Ballstáit a chumhdaítear le SURE – bunaithe ar thuairisciú leathbhliantúil arna sholáthar ag na Ballstáit i bhFeabhra 2023 – agus ar thionchar measta SURE – bunaithe ar na figiúirí maicreacnamaíocha is déanaí. Leis an tuarascáil seo áirítear roinnt eilimintí nua freisin: anailís bhreise ar an líon post a sábháladh le SURE bunaithe ar shamhail mhaicreacnamaíoch ón gCoimisiún, anailís níos mionsonraithe ar bhearta a bhaineann le sláinte a chistítear le SURE agus ar a dtábhacht, faisnéis maidir le hiontaofacht na sonraí ar an líon daoine agus gnólachtaí a chumhdaítear le SURE, an scrúdú mionsonraithe réamhluaite ar chórais náisiúnta rialaithe agus iniúchta, agus plé maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó SURE.

Leis an tuarascáil seo léirítear freisin moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. D'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) a Tuarascáil Speisialta 28/2022 maidir le SURE an 14 Nollaig 2022, tar éis fhoilsiú an cheathrú tuarascáil leathbhliantúil, ina raibh roinnt barúlacha maidir leis an Ionstraim[6]. Ar an bhforiomlán tá tuarascáil CIE an-dearfach maidir leis an ionstraim, lena n-aithnítear an fhreagairt thapa agus éifeachtúil a thug an gCoimisiún ar an dúshlán maidir le cuidiú leis na Ballstáit fostaíocht a chaomhnú mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Leis an tuarascáil ní dhéantar ach moladh amháin: meastóireacht a dhéanamh ar SURE. Ghlac an Coimisiún leis an moladh sin agus déanfaidh sé staidéar meastóireachta ar

[6] Thug CIE faoi deara e.g. gurb amhlaidh (i) leis an easpa sonraí cuimsitheacha ó na Ballstáit a theorannaítear cumas an Choimisiúin chun measúnú a dhéanamh ar an líon daoine agus gnólachtaí lena dtacaítear le SURE (ii) is beag sonraí faireacháin atá ann maidir le bearta a bhaineann le sláinte (iii) nach féidir de bharr dhearadh na hionstraime tionchar SURE a shainaithint ar leithligh, ó thaobh aischur agus torthaí, laistigh de na scéimeanna náisiúnta (iv) nach ndearna an Coimisiún aon seiceáil ar cé acu a bhí nó nach raibh na bearta náisiúnta lena dtacaítear le SURE costéifeachtach ná ina gcomhlánú ar scéimeanna eile, ós rud é go raibh SURE ina ionstraim freagartha ar ghéarchéimeanna ina raibh eisíocaíocht ghasta cistí ina tosaíocht (v) nach gceanglaítear leis an gcreat dlíthiúil ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar stóinseacht chórais rialaithe na mBallstát lena rialaítear cur chun feidhme na mbeart náisiúnta lena dtacaítear le cistí an Aontais. Féach https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR22_28/SR_SURE_GA.pdf

SURE faoin tríú ráithe de 2024, lena gcomhlánófar an anailís a sholáthraítear sna tuarascálacha leathbhliantúla.

Tá an tuarascáil struchtúraithe i seacht roinn. Le Roinn I cumhdaítear úsáid institiúideach SURE: an cúnamh airgeadais a deonaíodh do na Ballstáit agus a eisíocadh leo lena ngabhann a sceideal aisíocaíochta. Le Roinn II leagtar amach úsáid bheartais SURE, lena ndéantar achoimre ar chaiteachas poiblí iomlán na mBallstát ar bhearta náisiúnta lena dtacaítear le SURE.[7] Le Roinn III déantar an measúnú ar thionchar SURE a sholáthraítear sna tuarascálacha roimhe sin a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú. Le Roinn IV déantar scrúdú ar fhaisnéis maidir le córais rialaithe ex ante agus ex post, lena n-áirítear iniúchadh. Le Roinn V pléitear agus deimhnítear nach ann a thuilleadh do na tarluithe eisceachtúla lenar tugadh údar le leanúint SURE. Le Roinn VI soláthraítear an tuairisciú ábhartha a dtugtar gealltanas maidir leis faoi Roinn 2.4 de Chreat Bannaí Sóisialta SURE ón Aontas.[8] Ar deireadh, le Roinn VII tairgtear conclúidí áirithe maidir le breisluach SURE.

I. ÚSÁID INSTITIÚIDEACH SURE: NA MÉIDEANNA A DEONAÍODH AGUS A EISÍOCADH AGUS GNÉITHE AIRGEADAIS EILE


1.1 Forbhreathnú ar na Ballstáit is tairbhithe agus na méideanna a deonaíodh

Rinneadh níos mó ná 98 % d'imchlúdach SURE arbh fhiú EUR 100 billiún é a dheonú i gcaitheamh shaolré na hionstraime. Rinneadh cúnamh airgeadais iomlán arbh fhiú EUR 98,4 billiún é a dheonú faoi SURE do 19 mBallstát: an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ungáir. Deonaíodh formhór mór an chúnaimh airgeadais in 2020 (Graf 1), ag tosú i Meán Fómhair 2020 nuair a tháinig SURE chun bheith ar fáil. Deonaíodh na méideanna críochnaitheacha i Samhain 2022.

Deonaíodh cúnamh airgeadais breisiúcháin d'ocht mBallstát idir Meán Fómhair agus Samhain 2022. Ón tuarascáil leathbhliantúil roimhe sin i Meán Fómhair 2022, rinne an Chomhairle cúnamh airgeadais breise arbh fhiú EUR 5,05 billiún é a dheonú d'ocht mBallstát sa bhreis ar an gcúnamh airgeadais tosaigh a deonaíodh dóibh in 2020: an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Ghréig, an Laitvia, an Liotuáin, an Phortaingéil agus an tSeicia. Deonaíodh an cúnamh airgeadais le haghaidh caiteachas a tabhaíodh, go príomha in 2020 agus 2021, ar leathnuithe beart a bhí cistithe cheana le SURE. I gcás na Cipire, na Gréige agus na Cróite, is é a bhí ann sin an dara breisiú ar a n-iasacht tosaigh. San iomlán, deonaíodh cúnamh airgeadais breisiúcháin ar deireadh do 11 mBallstát as na 19 mBallstát a d'úsáid SURE. Léirítear leis sin go bhféadfaí tacaíocht SURE a iarraidh le haghaidh caiteachas incháilithe a bhaineann le COVID, bunaithe ar chaiteachas pleanáilte nó caiteachas tabhaithe, agus an caiteachas tabhaithe sin gan bheith faoi réir aon riosca ionsúcháin de réir sainmhíniú.

Graf 1: An méid a deonaíodh agus a eisíocadh de réir na bliana

[7] Baineann Ranna I agus II le húsáid cúnaimh airgeadais faoi SURE de réir Airteagal 14(1) de Rialachán SURE.
[8] https://ec.europa.eu/info/strategy/eu-budget/eu-borrower/eu-borrowing-activities/eu-sure-social-bond-framework_en



Foinse: *An Coimisiún Eorpach*.

Tábla 1: Forbhreathnú ar an tacaíocht a deonaíodh faoi SURE (EUR)

Ballstát	***An Méid Iomlán a Deonaíodh****	***Lena nÁirítear Breisiú***	***An Méid a Eisíocadh****	***Méid gan íoc***
An Bheilg	8 197 530 000	394 150 000	8 197 530 000	0
An Bhulgáir	971 170 000	460 170 000	971 170 000	0
An Chipir	632 970 000	153 900 000	632 970 000	0
An tSeicia	4 500 000 000	2 500 000 000	4 500 000 000	0
An Ghréig	6 165 000 000	3 437 000 000	6 165 000 000	0
An Spáinn	21 324 820 449	0	21 324 820 449	0
An Chróit	1 570 600 000	550 000 000	1 570 600 000	0
An Iodáil	27 438 486 464	0	27 438 486 464	0
An Liotuáin	1 099 060 000	496 750 000	1 099 060 000	0
An Laitvia	472 807 000	280 107 000	472 807 000	0
Málta	420 817 000	177 185 000	420 817 000	0
An Pholainn	11 236 693 087	0	11 236 693 087	0
An	6 234 462 488	300 000 000	6 234 462 488	0
An Rómáin	3 000 000 000	0	3 000 000 000	0
An tSlóivéin	1 113 670 000	0	1 113 670 000	0
An tSlóvaic	630 883 600	0	630 883 600	0
An Ungáir	651 470 000	147 140 000	651 470 000	0
Éire	2 473 887 900	0	2 473 887 900	0
An Eastóin	230 000 000	0	230 000 000	0
Iomlán	**98 364 327 988**	**8 896 402 000**	**98 364 327 988**	**0**

*I gcur chun feidhme na n-eisíocaíochtaí, rinneadh na méideanna a deonaíodh a shlánú síos chun críoch oibríochtúil.
Foinse: *An Coimisiún Eorpach*.

1.2 Eisíocaíochtaí agus an sceideal aisíocaíochta is infheidhme

D'éirigh leis an gCoimisiún méid críochnaitheach de bhannaí sóisialta arbh fhiú EUR 6,5 billiún é a eisiúint thar ceann an Aontais. An 7 Nollaig 2022, tharla an 9ú heisiúint, agus an eisiúint chríochnaitheach, de chuid an Aontais faoi chlár SURE. Bhí leabhar orduithe arbh fhiú EUR 25,4 billiún é ag an mbanna 15 bliana, rud a d'fhág go raibh sé ró-shuibscríofa ceithre huaire le linn na fuinneoige cistiúcháin deireadh bliana sin. Eisíocadh an EUR 6,548 billiún an 14 Nollaig: EUR 460 milliún leis an mBulgáir, EUR 29 milliún leis an gCipir, EUR 2 bhilliún leis an tSeicia, EUR 900 milliún leis an nGréig, EUR 550 milliún leis an gCróit, EUR 142 mhilliún leis an Liotuáin, EUR 167 milliún leis an Laitvia, EUR 1,5 billiún leis an bPolainn agus EUR 300 milliún leis an bPortaingéil. Cuireadh moill ar an méid a eisíocadh leis an bPolainn gur

réitíodh a tsaincheist ionsúcháin (féach Roinn 2.1.2), cé gurb é a bhí sna méideanna eile breisithe a deonaíodh do na hocht mBallstát i bhfómhar 2022.

Bhí clár eisiúna SURE an-rathúil ar an bhforiomlán, rud a bhí marcáilte le héileamh láidir ó na hinfheisteoirí agus praghsáil fhabhrach. Roimh an bpaindéim, bhí iasachtaíocht an Choimisiúin ar mhargaí caipitil Eorpacha teoranta, ach is é a tháinig as SURE, agus NextGeneration EU go tapa ina dhiaidh sin, gur tháinig an Coimisiún chun bheith ina ghníomhaí suntasach in eisiúint fiachais cheannasaigh. Bhí na hidirbhearta uile ró-shuibscríofa uaireanta iomadúla agus baineadh praghsáil fhabhrach amach leo, agus roinnt de na bannaí roimhe sin eisithe ag rátaí úis diúltacha (féach Tábla A2). Leis an rath léiríodh muinín infheisteoirí in acmhainn mhaoinithe an Aontais agus i gclár SURE.

Faoi Nollaig 2022, rinneadh an cúnamh airgeadais uile arbh fhiú EUR 98,4 milliún é a deonaíodh faoi SURE a eisíoc (Tábla 1)**.** Déantar mionsonraí breise ar idirbhearta SURE agus eisíocaíochtaí leis na Ballstáit a thuairisciú i dTáblaí A1 agus A2 san Iarscríbhinn.

Fanann meánaibíocht na n-eisíocaíochtaí leis na Ballstáit ag 14,5 bliain. Tá an tréimhse sin gar don uastréimhse 15 bliana a sholáthraítear leis na Cinntí Cur Chun Feidhme faoi seach ón gComhairle. Tuairisciú ar an sceideal aisíocaíochta le haghaidh íocaíochtaí príomhshuime agus úis, cuirtear i láthair é i dTábla 2.

Tábla 2: Sceideal Aisíocaíochta d'iasachtaí gan íoc SURE de chuid an Aontais

Bliain féilire	Príomhshuim	Ús	Iomlán SURE
2023		326 563 400	326 563 400
2024		326 982 500	326 982 500
2025	8 000 000 000	326 982 500	8 326 982 500
2026	8 000 000 000	326 982 500	8 326 982 500
2027		326 982 500	326 982 500
2028	10 000 000 000	326 982 500	10 326 982 500
2029	8 137 000 000	326 982 500	8 463 982 500
2030	10 000 000 000	326 982 500	10 326 982 500
2031		326 982 500	326 982 500
2032		326 982 500	326 982 500
2033		326 982 500	326 982 500
2034		326 982 500	326 982 500
2035	8 500 000 000	326 982 500	8 826 982 500
2036	9 000 000 000	326 982 500	9 326 982 500
2037	8 718 000 000	308 982 500	9 026 982 500
2038		104 500 000	104 500 000
2039		104 500 000	104 500 000
2040	7 000 000 000	104 500 000	7 104 500 000
2041		97 500 000	97 500 000
2042		97 500 000	97 500 000
2043		97 500 000	97 500 000
2044		97 500 000	97 500 000
2045		97 500 000	97 500 000
2046	5 000 000 000	97 500 000	5 097 500 000
2047	6 000 000 000	75 000 000	6 075 000 000
2048		30 000 000	30 000 000
2049		30 000 000	30 000 000
2050	10 000 000 000	30 000 000	10 030 000 000
Iomlán	**98 355 000 000**	**5 949 818 400**	**104 304 818 400**

II. ÚSÁID BHEARTAIS SURE: CAITEACHAS POIBLÍ AGUS BEARTA NÁISIÚNTA A CHUMHDAÍTEAR LE SURE

Leis an Roinn seo dírítear ar úsáid bheartais ionstraim SURE. Le Roinn 2.1 déantar achoimre ar an gcaiteachas poiblí ó na Ballstáit a chumhdaítear le SURE nó atá incháilithe lena aghaidh, lena n-áirítear ionsú cistí. Le Roinn 2.2 soláthraítear mionsonraí maidir leis na scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla lenar tacaíodh le SURE, cé go ndéantar scrúdú le Roinn 2.3 ar chineál na mbeart dá dtugtar tacaíocht a bhaineann le sláinte. Le Roinn 2.4 cuirtear i láthair an líon fostaithe agus gnólachtaí a thairbhigh de na bearta lena dtacaítear le SURE.

2.1 Caiteachas poiblí iarbhír agus pleanáilte lena dtacaítear le SURE

2.1.1 Faireachán ar chaiteachas poiblí ar bhearta incháilithe

Tuairisciú leathbhliantúil ó na Ballstáit is tairbhithe úsáidtear é chun faireachán a dhéanamh ar úsáid phleanáilte agus iarbhír an chúnaimh airgeadais a dheonaítear faoi SURE. Leis an tuairisciú a cheanglaítear áirítear caiteachas poiblí le haghaidh bearta a chumhdaítear le SURE (agus cumhdach fostaithe agus gnólachtaí na mbeart sin, mar a thuairiscítear i Roinn 3.3). Bhí cúig shraith ann den tuairisciú sin go dtí seo: i Lúnasa 2020 (‘tuairisciú tosaigh’), Eanáir-Feabhra 2021 (‘an chéad tuarascáil’), Meitheamh 2021 (‘an dara tuarascáil’), Eanáir 2022 (‘an tríú tuarascáil’), Meitheamh 2022 (‘an ceathrú tuarascáil’) agus Feabhra 2023 (‘an tuairisciú is déanaí’). Beartaítear go mbeidh an tuairisciú is déanaí ar an tuairisciú deireanach, ós rud é go bhfuil an cúnamh airgeadais uile a deonaíodh caite anois agus nach ann a thuilleadh d’aon chaiteachas pleanáilte ar ina leith ba cheart faireachán ar fhorghníomhú a dhéanamh. Cuirtear an fhaisnéis i láthair *mar a thuairiscigh na Ballstáit* ar bhearta atá incháilithe le haghaidh SURE. Chaith Ballstáit áirithe níos mó ná an méid de chúnamh airgeadais SURE a fuarthas, tar éis tacaíocht SURE a fhorlíonadh le maoiniú náisiúnta agus/nó cistí struchtúracha de chuid an Aontais, ionas gur féidir an méid lena dtacaítear le SURE a shárú leis an gcaiteachas iomlán. Leis an tuairisciú déantar foráil maidir le hionsú an chúnaimh airgeadais faoi SURE a thomhas, trína chur i gcomparáid leis an méid arna dheonú ag an gComhairle[9].


Tá an caiteachas poiblí pleanáilte iomlán uile faoi SURE forghníomhaithe anois. Le Rialachán SURE rinneadh foráil maidir le cúnamh airgeadais a úsáid le haghaidh méaduithe a tabhaíodh agus a pleanáladh ar chaiteachas poiblí ar bhearta a chumhdaítear le SURE.[10] I dtús SURE, nuair a bhí srianta a bhaineann le COVID-19 géar, leis an ionstraim cistíodh méid mór de chaiteachas pleanáilte, rud a bhí cothrom le 64 % den chaiteachas iomlán i Meitheamh 2020. Laghdaigh an sciar den chaiteachas pleanáilte chuig 12 % i Meitheamh 2021 agus bhí sé níos lú ná 4 % faoi dheireadh 2021. Bhí an caiteachas uile ar bhearta atá cáilithe le haghaidh SURE

[9] Is féidir le bearna ionsúcháin tarlú toisc go bhfuil an caiteachas atá tabhaithe nó pleanáilte ag an mBallstát ar bhearta atá incháilithe le haghaidh SURE níos lú ná an méid arna dheonú ag an gComhairle. Is féidir gurb é is cúis le cuid den ionsú nár éirigh leis an mBallstát an méid a eisíocadh cheana a chaitheamh, rud a fhéadfaidh teacht chun bheith fadhbach má fhanann an bhearna nuair a bheidh an caiteachas pleanáilte curtha chun feidhme.

[10] Chuir Éire agus an Eastóin isteach ar SURE le haghaidh caiteachas poiblí a tabhaíodh agus sin amháin. Dá réir sin, fanann an caiteachas a tuairiscíodh gan athrú ó Mhárta 2021. D’fhan an tuairisciú ar chaiteachas poiblí le haghaidh 2020 agus 2021 gan athrú freisin le haghaidh na hUngáire agus na Liotuáine ón tuarascáil roimhe sin.

críochnaithe faoi Nollaig 2022 ach bhí maoiniú SURE ar bhearta caite ag na Ballstáit uile faoi Mheitheamh 2022, áfach, gan ach maoiniú náisiúnta ann ina dhiaidh sin.[11]


Graf 2: Caiteachas poiblí a tuairiscíodh



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023).*

Tabhair faoi deara: áirítear an Eastóin ó Mheitheamh 2021 ós rud é gur chuir sí isteach ar SURE níos déanaí. Comhfhreagraíonn L1 agus L2 don chéad agus don dara leath de 2021.

Graf 3: Éabhlóid mhíosúil ar chaiteachas poiblí a tabhaíodh faoi SURE



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023).*

Bhí an caiteachas poiblí iomlán ar bhearta a bhí cáilithe le haghaidh SURE cothrom le EUR 122 bhilliún, de bhreis ar an gcúnamh airgeadais iomlán a deonaíodh faoi SURE. D'ardaigh an méid sin de bheagán i gcomparáid leis an gceathrú tuarascáil (Graf 2) ós rud é gur leathnaigh Ballstáit áirithe bearta in 2022, cé go raibh níos mó caiteachas teoranta ann. Ar an bhforiomlán, thuairiscigh 13 Bhallstát caiteachas in 2022. Caiteachas ar an mbeagán scéimeanna a lean in 2022, d'ardaigh sé de bheagán ón méid de EUR 3,7 billiún a bhí pleanáilte chuig an méid de EUR 4,5 billiún a forghníomhaíodh ar deireadh. Tá an caiteachas iomlán (EUR 122 bhilliún) níos mó ná an méid iomlán a deonaíodh faoi SURE (EUR 98,4 billiún) toisc gur chaith formhór na mBallstát níos mó ar bhearta incháilithe ná an cúnamh airgeadais a d'iarr siad agus a deonaíodh dóibh[12]. Cuirtear i dtábhacht leis sin ábharthacht leanúnach raon feidhme SURE maidir leis na Ballstáit tar éis dóibh cur isteach air den chéad uair in 2020.

Le maolú thionchar na paindéime in 2022, thit an caiteachas míosúil ar bhearta atá incháilithe le haghaidh SURE chuig méideanna diomaibhseacha. Le Graf 3 léirítear gur bhain caiteachas le haghaidh 2022 buaic amach (ag leibhéal íseal) in Eanáir sular laghdaigh sé go gasta. Bhí an caiteachas go luath in 2022 dírithe ar bhearta amhail fadú scéimeanna oibre gearr-ama áirithe, bearta a bhaineann le coraintín, tástáil COVID-19 agus cúiteamh speisialta le

[11] Is éard atá i gceist le bearta incháilithe na bearta sin ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 3(2) de Rialachán SURE: scéimeanna oibre gearr-ama náisiúnta nó bearta comhchosúla, agus mar ghné choimhdeach, bearta a bhaineann le sláinte.

[12] Le haghaidh na Spáinne agus na hIodáile, is é is cúis leis sin freisin an teorainn chomhchruinnithe (de 60 % den uasmhéid EUR 100 billiún) ag a bhfuil feidhm maidir leis na trí Bhallstát is tairbhithe is mó.

haghaidh oibrithe cúnaimh sláinte[13]. Sa dara leath de 2022, bhí an meánchaiteachas míosúil cothrom le EUR 83 mhilliún, agus sin an méid, ar fud na mBallstát tuairiscithe uile.

2.1.2 Ionsú cistí


Tá cúnamh airgeadais SURE uile ionsaithe sna Ballstáit uile anois. Ós rud é go bhfuil an caiteachas poiblí uile a mhaoinítear le SURE forghníomhaithe anois, i.e. níl aon chaiteachas pleanáilte ann a thuilleadh, rinneadh an cúnamh airgeadais de EUR 98,4 billiún a deonaíodh a ionsú go hiomlán. Na saincheisteanna ionsúcháin a sainaithníodh roimhe sin in dhá Bhallstát a pléadh sa cheathrú tuarascáil leathbhliantúil, tá siad réitithe anois. As na 19 mBallstát, is amhlaidh a chaith 17 díobh *níos mó ná* an méid a deonaíodh, lena n-áirítear tríd an bhfuílleach a mhaoiniú go náisiúnta (féach Graf 4).

Sa Rómáin, dúnadh an bhearna ionsúcháin go hiomlán agus deimhníodh an méid sin le sonraí forghníomhúcháin buiséadacha críochnaitheacha. Mar mheabhrúchán, go luath in 2022 bhí bearna ionsúcháin gar do EUR 3 bhilliún ag an Rómáin. Leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme leasaithe ón gComhairle a glacadh in Iúil 2022 laghdaíodh an méid a deonaíodh ó EUR 4,1 billiún chuig EUR 3 bhilliún agus áiríodh leis 21 bheart bhreise atá incháilithe faoi SURE, tar éis iarraidh ó údaráis na Rómáine. Bhí an t-idirphlé dlúth idir an Coimisiún agus údaráis na Rómáine ina chuidiú chun tuilleadh caiteachas incháilithe a shainaithint i bhfoirm laghdú ar chostais saothair indírigh nasctha le gnólachtaí atá rannpháirteach i scéimeanna oibre gearr-ama[14]. An bhearna mheasta atá fágtha de EUR 350 milliún mar a taifeadadh i Meán Fómhair 2022 agus a léiríodh sa cheathrú tuarascáil, tá sí dúnta go hiomlán anois. Is amhlaidh atá corrlach breise ann anois fiú atá cuid mhór os cionn an EUR 3 bhilliún a deonaíodh don Rómáin. Leis an bhforghníomhú buiséadach críochnaitheach le haghaidh 2022 ar na bearta uile sa Chinneadh Cur Chun Feidhme leasaithe ón gComhairle cuireadh deireadh le héiginnteacht sa chaoi go raibh an caiteachas iomlán a tabhaíodh, faoi Nollaig 2022, os cionn EUR 3 bhilliún agus gur lean an caiteachas a bhaineann le sláinte de bheith coimhdeach (rud a bhí cothrom le níos lú ná 46 % den chaiteachas iomlán).

Graf 4: Barrachas caiteachais phoiblí ar bhearta incháilithe os cionn an mhéid iasachta (% den mhéid iasachta)

[13] Bhain caiteachas áirithe in 2022 freisin le híocaíochtaí le hoibrithe is tairbhithe agus gnólachtaí a bhain le tréimhsí roimhe sin a bheith á siarchoinneáil ag na Ballstáit.

[14] Díolúintí iomlána nó páirteacha le haghaidh ranníocaíochtaí slándála sóisialta, tá siad incháilithe faoi SURE fad atá siad nasctha le fostaíocht a chaomhnú. Is féidir a áireamh ar scéimeanna oibre gearr-ama na díolúintí sin agus maoiníodh iad faoi SURE le haghaidh na mBallstát nuair a iarradh sin (féach mar shampla sa tSlóivéin, an Ghréig, an Spáinn agus an Phortaingéil).



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023).*
Tabhair faoi deara: Le caiteachas poiblí tagraítear do bhearta a thuairiscítear mar bhearta a chumhdaítear sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle, glan ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE). Scoir Ballstáit áirithe (an Eastóin, an tSlóivéin) de bheith ag tuairisciú ar bhearta atá incháilithe le haghaidh SURE i ndiaidh 2020 ós rud é nach bhfuil cúnamh airgeadais SURE in úsáid acu a thuilleadh chun na bearta sin a chistiú, agus an méid a deonaíodh sáraithe cheana acu.

Sa Pholainn, an bhearna mheasartha ionsúcháin i gcomparáid leis an méid a deonaíodh, réitíodh í le dhá bheart nua atá incháilithe le haghaidh SURE a áireamh. Go luath in 2022, thuairiscigh an Pholainn caiteachas iomlán ar bhearta a chumhdaítear ina Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle (EUR 9,9 billiún) a bhí níos ísle ná an méid a deonaíodh (EUR 11,2 billiún). De thoradh idirphlé teicniúil idir an Coimisiún agus údaráis na Polainne, leasaigh an Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme bunaidh ón gComhairle de chuid na Polainne i Samhain 2022, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, chun dhá bheart bhreise a bhaineann le sláinte atá incháilithe faoi SURE a áireamh. Is é atá iontu bónas le haghaidh oibrithe cúraim sláinte agus seirbhísí tástála PCR le haghaidh COVID-19. Mhéadaigh méid an chaiteachais incháilithe a bhaineann le sláinte ó 0 % chuig 15 % den chaiteachas iomlán, rud a lean de bheith coimhdeach. Eisíocaíocht na gcistí a bhí fágtha (EUR 1,5 billiún), rud a bhí curtha siar ar dtús gur réitíodh an tsaincheist ionsúcháin, forghníomhaíodh é sin i Nollaig 2022.


2.2 Bearta náisiúnta: scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla lena dtacaítear le SURE

Rinne formhór mór an chaiteachais phoiblí iomláin ar bhearta atá incháilithe le haghaidh SURE a leithdháileadh ar scéimeanna oibre gearr-ama agus 'bearta comhchosúla', lena n-áirítear le haghaidh daoine féinfhostaithe. Go deimhin, beagnach leath an chaiteachais phoiblí iomláin (49 %) ar bhearta atá incháilithe le haghaidh SURE, caitheadh é ar scéimeanna oibre gearr-ama, ar chistigh 16 as na 19 mBallstát iad agus úsáid á baint as SURE. Leithdháileadh 31 % eile ar 'bhearta comhchosúla' le haghaidh daoine féinfhostaithe[15]. Rinneadh 9 % a leithdháileadh ar scéimeanna fóirdheontais pá[16], cé gur leithdháileadh 6 % den chaiteachas

[15] Tá an méid sin bunaithe ar anailís ón gCoimisiún, lena ndéantar na bearta arna dtuairisciú ag na Ballstáit a chatagóiriú de réir an chineáil.
[16] Is éard atá i gceist le scéimeanna fóirdheontais pá scéimeanna coinneála poist atá comhchosúil le hobair ghearr-ama, ach amháin nach ríomhtar íocaíochtaí ó thaobh uaireanta (nár oibríodh), ach comhfhreagraíonn siad ina

iomlán ar bhearta comhchosúla ‘eile’ lena dtacaítear le coinneáil poist agus ioncaim oibrithe[17]. Níor caitheadh ach 5 % ar bhearta a bhaineann le sláinte, rud a dheimhníonn a gcineál coimhdeach. Níor úsáid 11 Bhallstát cúnamh airgeadais SURE ach le haghaidh scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla (Graf 5).

Graf 5: Caiteachas poiblí ar bhearta atá incháilithe le haghaidh SURE de réir an chineáil caiteachais



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023).*
Tabhair faoi deara: Féach an tuarascáil ó Mhárta 2021 le haghaidh mionsonraí maidir le caiteachas sláinte na hUngáire.

Rannpháirtíocht na mban agus na hóige in obair ghearr-ama mhéadaigh sí le linn ghéarchéim COVID-19. Leis sin léirítear go príomha an t-athrú ar chomhdhéanamh earnálach na tacaíochta ó mhonaraíocht agus tógáil i dtreo seirbhísí agus miondíola, i.e. earnálacha ag a bhfuil, a bheag nó a mhór, sciar níos airde de mhná agus den óige i bhfostaíocht (Graf 6)[18].

I bhfómhar 2022, deonaíodh cúnamh airgeadais breise d’ocht mBallstát le haghaidh bearta éagsúla. Ba ann don tacaíocht bhreisithe sin le haghaidh an chaiteachais bhreise a tabhaíodh in 2021 – agus i gcásanna áirithe suas le go luath in 2022 – ar na bearta tacaíochta éigeandála lenar tacaíodh cheana le SURE. Go sonrach, cumhdaíodh leis na breisithe:

- *An Bhulgáir* scéim oibre ghearr-ama a fhadú go Meitheamh 2022, ar scéim í arna soláthar do chuideachtaí a d’fhulaing laghdú ioncaim 30 % ar a laghad de dheasca na paindéime

ionad sin do chnapshuim nó do chion den phá iomlán. San iomlán, bearta atá comhchosúil le scéimeanna oibre gearr-ama seasann siad do 46 % den chaiteachas iomlán atá incháilithe le haghaidh SURE.


[17] Ar bhearta comhchosúla eile áirítear, mar shampla, sochair saoire breoiteachta, saoire tuismitheora agus gairmoiliúint atá nasctha le hobair ghearr-ama.

[18] An Coimisiún Eorpach, 2020: An Margadh Saothair agus Forbairtí Pá in 2020, Caibidil 3, Forbairtí beartais. https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=23268&langId=en. San Iodáil agus sa Bheilg, ar an meán, mhéadaigh an sciar de mhná a bhí rannpháirteach sna scéimeanna faoi dhó tar éis Mhárta 2020, cé gur mhéadaigh an sciar d’oibrithe óga is tairbhithe ó 1,6 % chuig 5,7 % san Iodáil agus ó 6,7 % chuig 7,6 % sa Bheilg. Bhí an sciar de mhná agus d’oibrithe óga a bhí rannpháirteach in obair ghearr-ama ard freisin sa Laitvia, an Rómáin, an Phortaingéil agus an Eastóin.

agus a shrian a ngníomhaíochtaí idir an 13 Márta 2020 agus an 31 Nollaig 2020 agus a bhfostaithe á gcoinneáil acu.

- *An Chipir*: an caiteachas breise nasctha leis an bhfadú (go dtí an tríú ráithe de 2021) leis an scéim fóirdheontais pá lena dtacaítear le cuideachtaí arbh éigean dóibh (go páirteach) oibríochtaí a chur ar fionraí, na scéimeanna speisialta le haghaidh na n-earnálacha cóiríochta agus turasóireachta, scéim fóirdheontais le haghaidh daoine féinfhostaithe, chomh maith leis an scéim sochair breoiteachta le haghaidh COVID-19;
- *An tSeicia*: an fadú in 2021 leis an scéim oibre gearr-ama éigeandála (ar a dtugtar 'an clár frithvíris') agus leis an tacaíocht éigeandála le haghaidh daoine féinfhostaithe;
- *An Ghréig*: an fadú leis an scéim coinneála poist éigeandála (liúntas le haghaidh fostaithe san earnáil phríobháideach ar cuireadh a gconradh ar fionraí) in 2021 agus 2022 agus leis an bhfóirdheontas gaolmhar lena gcumhdaítear na ranníocaíochtaí slándála sóisialta comhfhreagracha;
- *An Chróit*: an fadú leis an dá bheart tacaíochta atá ann cheana, is é sin scéim fóirdheontais pá le haghaidh gnólachtaí dá ndearnadh drochthionchar de dheasca na paindéime (go dtí Meitheamh 2022), agus scéim oibre gearr-ama lena soláthraítear tacaíocht chun am oibre a laghdú go sealadach (go dtí Nollaig 2022);
- *An Liotuáin*: an fadú go dtí Meitheamh 2021 leis an scéim coinneála poist lena ndéantar costais tuarastail fostaithe a fhóirdheonú le linn tréimhse fiontraíochta oibre, agus scéimeanna fóirdheontais le haghaidh daoine féinfhostaithe;
- *An Laitvia*: aischur na mbeart tacaíochta éigeandála (cúiteamh le haghaidh aga díomhaoin le haghaidh oibrithe, fóirdheontais phá le haghaidh cuideachtaí dá ndéantar difear agus sochair bhreoiteachta a bhaineann le COVID) sa tréimhse ó Shamhain 2020 go Meitheamh 2021, chomh maith le caiteachas breise áirithe ar leathnú beart a bhaineann le sláinte;
- *An Phortaingéil:* an fadú le sraith beart atá ann cheana agus a bhaineann leis an margadh saothair agus le sláinte (a leathnaíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme leasaitheach in Eanáir 2022) go dtí deireadh 2021 agus Márta 2022 faoi seach (agus é á áireamh leis an gceann deireanach an liúntas leithlisithe phróifiolacsaigh agus an tacaíocht eisceachtúil le haghaidh athchromadh gníomhaíochtaí gnó).


Graf 6: Meánsciar na mban agus na dtairbhithe óga (15-24) ar fud scéimeanna oibre gearr-ama (2020/2021)




Foinse: *Bunachar sonraí bheartas mhargadh an tsaothair (LMP) 2020, an Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú; Bailiúchán sonraí EMCO 2020 and 2021*.
Tabhair faoi deara: Níl sonraí ar fáil le haghaidh na dtíortha uile a chumhdaítear le SURE.

I bhformhór na mBallstát, leanadh de bheith ag dul ar iontaoibh tacaíocht oibre gearr-ama ar feadh 2021 ach ar ráta laghdaitheach. I bhformhór na mBallstát, tar éis na chéad bhuaice le linn an chéad rabharta den phaindéim i Márta-Aibreán 2020, maidir le dul ar iontaoibh obair ghearr-ama agus bearta coinneála poist comhchosúla, chobhsaigh an méid sin sa dara leath de 2020. Tháinig meath ar úsáid na scéimeanna de réir a chéile ansin le linn 2021, i gcomhréir leis an téarnamh eacnamaíoch agus rolladh amach rathúil na bhfeachtas vacsaínithe. Bhí an dara buaic le brath i dtíortha áirithe i ndeireadh 2020 / i dtús 2021.

Graf 7. An cion de phoist a thairbhíonn de bhearta coinneála poist (go comhiomlán agus de réir an Bhallstáit)





Foinse: Eurostat, *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023).*
Tabhair faoi deara: Níl sonraí ar fáil le haghaidh na Seicia ná na Rómáine. An meath ar an sciar de phoist a chumhdaítear sa dara leath de 2021 is é is cúis leis sin go páirteach sonraí gan bheith ar fáil le haghaidh roinnt tíortha.

I gcás fhormhór na mBallstát is tairbhithe bhí a mbearta coinneála poist éigeandála céimnithe amach acu faoi lár 2022. Cé go raibh a mbearta coinneála poist éigeandála tarraingthe siar cheana ag cúpla tír (an Eastóin, an tSlóivéin) sa dara leath de 2020, leathnaigh a bhformhór a dtacaíocht éigeandála isteach in 2021 agus, i gcásanna áirithe, go dtí an chéad leath de 2022. Níor lean tacaíocht éigeandála de bheith ar fáil go dtí go déanach in 2022 ach in dhá thír (an Phortaingéil, an Chróit).

Tábla 3. Príomhbhearta coinneála poist éigeandála agus a bhfad

Ballstát	Saghas	Buan / Sealadach	Laghdú ar an am oibre	Tacaíocht éigeandála soláthartha go dtí
BE	STW	Buan, agus modhnuithe sealadacha ann	0-100 %	Meitheamh 2022
BG	STW	Sealadach	50 % nó 100 %	Meitheamh 2022
CZ	STW	Sealadach	0-100 %	Feabhra 2022
EE	STW	Sealadach	0-100 %	Meitheamh 2020

IE	Fóirdheontas pá	Sealadach	-	Lúnasa 2020
EL	STW	Sealadach	50 % nó 100 %	Eanáir 2022
ES	STW	Buan, agus modhnuithe sealadacha ann	0-100 %	Márta 2022
HR	Fóirdheontas pá + STW	Sealadach	0-100 %	Nollaig 2022
IT	STW	Buan, agus modhnuithe sealadacha ann	0-100 %	Nollaig 2021
CY	STW	Sealadach	0-100 %	Lúnasa 2021
LV	STW	Sealadach	0-100 %	Meitheamh 2021
LT	Fóirdheontas pá + STW	Sealadach	0-100 %	Meitheamh 2021/Meán Fómhair 2021
HU	-	-	-	-
MT	Fóirdheontas pá	Sealadach	-	Bealtaine 2022
PL	Fóirdheontas pá + STW	Sealadach	20-100 %	Meán Fómhair 2021
PT	STW	Buan, agus modhnuithe sealadacha ann	0-100 %	Meán Fómhair 2022
RO	STW	Sealadach	0-100 %	Bealtaine 2022
SI	STW	Sealadach	50-100 %	Nollaig 2020
SK	STW	Sealadach	0-100 %	Márta 2022

Tabhair faoi deara: Leis an tábla seo ní dhírítear ach ar na príomhscéimeanna. Bhí scéim oibre gearr-ama éigeandála i bhfeidhm ag an Ungáir le linn na paindéime, rud a bhí maoinithe le cistí struchtúracha Eorpacha. Dá réir sin, ní bhfuair sí cúnamh airgeadais lena haghaidh faoi SURE. Chuir Éire scéim mhodhnaithe chomhchosúil a reáchtáladh go dtí Bealtaine 2022 in ionad a scéime fóirdheontais pá, ach níor chistigh sí í le SURE.


2.3 Bearta náisiúnta: bearta a bhaineann le sláinte lena dtacaítear le SURE

Deimhnítear cineál coimhdeach an chaiteachais a bhaineann le sláinte. Níor caitheadh ach 5 % den chaiteachas iomlán ar bhearta a bhaineann le sláinte. Níor úsáid ach 8 mBallstát as 19 mBallstát tacaíocht SURE chun bearta a bhaineann le sláinte a mhaoiniú. Le Rialachán SURE déantar foráil maidir le *haon* bheart sláinte a bhaineann le COVID-19 a mhaoiniú, ach cuirtear i dtábhacht leis *go háirithe* na cinn sin a rinneadh *san áit oibre*, rud a sheasann do 22 % den chaiteachas iomlán a bhaineann le sláinte (Graf 8)[19]. Na bearta a dhéantar san áit oibre meastar gurb é atá iontu go príomha na cinn sin lena n-éascaítear filleadh sábháilte ar an obair trí phriacail cheirde a laghdú, lena n-áirítear le haghaidh oibrithe cúraim sláinte.

Graf 8: An sciar de chaiteachas a bhaineann le sláinte san áit oibre


Graf 9: Miondealú cineálacha beart a bhaineann le sláinte (an líon Ballstát lena

[19] Féach Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020. Mínítear an coinníoll sin a thuilleadh freisin in aithris 5: '*Chun fócas láidir na hionstraime dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus leis sin a héifeachtacht, a choinneáil, féadfaidh bearta a bhfuil sé d'aidhm acu priacail cheirde a laghdú agus cosaint oibrithe agus daoine féinfhostaithe san áit oibre á áirithiú, agus, i gcás inarb iomchuí, le roinnt beart eile a bhaineann leis an tsláinte a bheith sna bearta a bhaineann leis an tsláinte chun críche na hionstraime sin.*'



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023).*

mbaineann)



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023).*
Tabhair faoi deara: Áirítear an Phortaingéil agus an Rómáin faoi dhó ós rud é go bhfuil bearta coisctheacha agus bearta cógais agus trealaimh cúraim sláinte faoi seach acu laistigh agus lasmuigh den áit oibre araon.

Úsáideadh SURE chun cineálacha éagsúla beart a bhaineann le sláinte a mhaoiniú, agus tacaíocht éigeandála fháilteach á soláthar don earnáil cúraim sláinte agus filleadh níos tapa ar ghníomhaíocht á éascú i mBallstáit éagsúla. Ar mholadh ó CIE, rinne ranna an Choimisiúin tuilleadh scrúdaithe ar éifeachtaí na mbeart a bhaineann le sláinte a mhaoinítear le SURE. Ar an iomlán, is féidir na bearta a bhaineann le sláinte agus a dtacaítear leo a roinnt i dtrí chatagóir: i) bearta coisctheacha in aghaidh COVID-19, ii) costais saothair bhreise chun oibrithe cúraim sláinte a earcú agus chun tacú leo ar oibrithe iad a oibríonn i ndálaí an-deacair agus iii) trealamh cúraim sláinte agus cógas. Le Graf 9 léirítear go raibh an t-éileamh a bhí ar gach catagóir beart comhchosúil ar an iomlán ar fud na mBallstát. Tarlaíonn na bearta sin, mar a mhionsonraítear thíos, laistigh agus lasmuigh den áit oibre araon.

- *Bearta coisctheacha:* Tá sé d'aidhm ag na bearta sin priacail cheirde a laghdú agus filleadh sábháilte ar an obair a áirithiú (seachas trealamh cosanta pearsanta). Ar na samplaí *san áit oibre* tá oiliúint sláinteachais (an Bheilg), oibrithe a thástáil i dtithe altranais agus saoráidí cúraim leanaí (an Phortaingéil) chomh maith le creidmheasanna cánach le haghaidh gnólachtaí beaga agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus áiteanna oibre a shláintiú (an Iodáil). Bearta coisctheacha *lasmuigh den áit oibre* baineann siad den chuid is mó le caiteachas a mhaoiniú a bhaineann le tástáil COVID-19 ar fud an phobail. Bhí sé criticiúil freisin acmhainneacht saotharlainne a uas-scálú le haghaidh tástála le linn na paindéime chun oibríochtaí cliniciúla a choinneáil ar bun agus dianghlasálacha agus bearta scartha shóisialta a ardú. San Aontas, tháinig méadú faoi 15 ar sheicheamhú géanóim in 2021 i gcomparáid le 2020, rud a d'fhág gur mhéadaigh an céatadán de thástálacha dearfacha seicheamhaithe ó níos lú ná 1 % in 2020 go dtí 7 % ar an meán in 2021[20].

[20] Féach ECFE (2022), *Health at a glance* [Sracfhéachaint ar an tsláinte].

- *Costais saothair bhreise chun oibrithe cúraim sláinte a earcú agus chun tacú leo:* As na bearta uile a rinneadh *lasmuigh den áit oibre*, bhí costais saothair oibrithe cúraim sláinte bhreise (bónais go príomha) ar an gcineál is mó éileamh. Mar shampla, d'úsáid an Eastóin, an Ungáir, an Laitvia, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Rómáin cistí a bhí ar fáil faoi SURE chun bónais a sholáthar do phearsanra sláinte agus/nó foireann bhreise a fhostú. Le linn na paindéime, bhí tábhacht phríomhúil ag baint le hacmhainneacht dianchúraim a uas-scálú, ós rud é go raibh áitíocht níos airde ar dhianchúram bainteach le mortlaíocht mhéadaitheach[21].
- *Trealamh cúraim sláinte agus cógas*: Úsáideadh cistí SURE freisin le haghaidh trealamh cosanta pearsanta agus trealamh dífhabhtúcháin in áiteanna oibre agus ospidéil (an Eastóin, an Laitvia, an Ungáir agus an Phortaingéil) agus rolladh amach vacsaíní (an Rómáin), rud a bhí ríthábhachtach chun líon na marbh a theorannú agus filleadh ar normáltacht.

2.4. Cumhdach SURE ó thaobh fostaíochta agus gnólachtaí

Dheimhnigh an Coimisiún ardcháilíocht na bhfigiúirí cumhdaigh arna dtuairisciú ag na Ballstáit. Thug an Coimisiún treoraíocht agus rinne na Ballstáit iarrachtaí chun feabhas a chur ar cháilíocht an chumhdaigh a tuairiscíodh le haghaidh 2020, 2021 agus 2022 trí na cúig shraith de thuairisciú[22]. Tá sé deimhnithe ag 9 mBallstát as 19 mBallstát anois go bhfuil an fhaisnéis bunaithe go hiomlán ar shonraí riaracháin agus i gcomhréir leis an treoraíocht arna soláthar ag an gCoimisiún[23]. Le haghaidh ocht mBallstát bhreise, meastar go bhfuil sí bunaithe ar shonraí riaracháin den chuid is mó. Níor thug ach dhá Bhallstát faoi deara nach bhféadfaí a sonraí tuairiscithe a mheas ach mar na meastacháin is fearr, go dtí gurb eol an fhaisnéis iomlán. Leis sin tugtar muinín shubstaintiúil do na meastacháin chumhdaigh a thuairiscítear anseo agus tugtar aghaidh ar cheann de na barúlacha ó CIE maidir le spleáchas ar mheastacháin seachas sonraí críochnaitheacha.

In 2020, le SURE meastar gur tacaíodh le 31,5 milliún duine agus níos mó ná 2,5 milliún gnólacht. Léirítear leis sin thart ar an tríú cuid den fhostaíocht iomlán agus níos mó ná an ceathrú cuid de ghnólachtaí sna 19 mBallstát is tairbhithe[24]. Is é atá sa mheastachán fostaíochta thart ar 22,25 milliún fostaí agus 9,25 milliún oibrí fhéinfhostaithe. Le Graif 10 agus 11 cuirtear i

[21] Féach mar shampla Bravata et al. (2021), Impact of ICU transfers on the mortality rate of patients with COVID-19: insights from comprehensive national database in France [Tionchar aistrithe ICU ar ráta mortlaíochta othar ar a bhfuil COVID-19: léargais ó bhunachar sonraí náisiúnta cuimsitheach sa Fhrainc]


[22] Trína dearadh, leis an bhfaisnéis ar an líon oibrithe agus gnólachtaí ceanglaíodh ar na Ballstáit gach tairbhí de gach beart lena dtacaítear SURE a rianú sna bunachair sonraí riaracháin ar chóras slándála sóisialta agus a bhailítear freisin trí na gníomhaireachtaí fostaíochta poiblí. Is é a bhí i gceist leis an bpróiseas sin méid ollmhór faisnéise a bhailiú agus am a chur i leataobh chun fíoruithe a dhéanamh chun áireamh dúbailte a sheachaint: mar shampla, nuair a fhaigheann an duine aonair céanna dhá chineál beart lena dtacaítear le SURE, nó nuair a chuireann sé iarratas isteach ar bheart tacaíochta roinnt uaireanta sa bhliain chéanna ar bhealach scortha.

[23] Maidir leis an gcuntasaíocht ar dhaoine féinfhostaithe agus ar na fostaithe a oibríonn le haghaidh na ndaoine féinfhostaithe sin, ní dhearnadh í a chomhchuibhiú go hiomlán trí na Ballstáit ag a bhfuil córas staidrimh agus dlí éagsúil.

[24] Comhfhreagraíonn na figiúirí do dhaoine agus gnólachtaí a bhí cumhdaithe, ag pointe áirithe, le scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla lena dtacaítear le SURE. Tá na hainmneoirí bunaithe ar na tábla tuairisceáin arna gcur isteach ag na Ballstáit. Leis an líon iomlán gnólachtaí cuimsítear gnólachtaí ag a bhfuil fostaí amháin ar a laghad. Laghdaigh an sciar de ghnólachtaí a chumhdaítear i gcomparáid leis an gceathrú tuarascáil agus ba é ba phríomhchúis leis sin gur sholáthair an Pholainn sonraí riaracháin críochnaitheacha.


láthair miondealú ar chumhdach SURE in aghaidh an Bhallstáit. Leis na meastacháin sin ní áirítear daoine nach dtacaítear leo ach le bearta a bhaineann le sláinte faoi SURE agus d'fhéadfaí a mheas dá bhrí sin go bhfuil siad coimeádach[25].

Graf 10: Na hoibrithe a cumhdaíodh le SURE in 2020 (% den fhostaíocht iomlán)



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023).*
Tabhair faoi deara: Is iad na figiúirí sin arna dtuairisciú ag na Ballstáit na figiúirí cumhdaigh agus fostaíochta iomláine.

Graf 11: Na gnólachtaí a cumhdaíodh le SURE in 2020 de réir méide (% de na gnólachtaí iomlána)




Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023)*
Tabhair faoi deara: Le gnólachtaí iomlána eisiatar gnólachtaí gan aon fhostaí. Is é atá i gceist le FBManna na FBManna sin ag a bhfuil níos lú ná 250 fostaí agus le fiontair mhóra na fiontair sin ag a bhfuil níos mó ná 250 fostaí.

Ba iad na FBManna príomhthairbhithe thacaíocht SURE. Leis an bpaindéim cruthaíodh aistriú ó scéimeanna oibre gearr-ama a bheith in úsáid go príomha ag gnólachtaí móra roimh COVID chun gnólachtaí beaga agus meánmhéide a áireamh freisin, a sheasann d'fhormhór na ngnólachtaí a chumhdaítear le SURE (Graf 11)[26]. Le SURE soláthraíodh tacaíocht do 29 % de FBManna ar fud na mBallstát is tairbhithe, ar an meán (Graf 12). Bhí scéimeanna oibre gearr-ama glactha den chuid is mó ag na hearnálacha seirbhísí agus miondíola. Mar sin féin, fuair an mhonaraíocht 14 % de chaiteachas SURE fós féin. Ba iad na hearnálacha ag a raibh an sciar is mó de chaiteachas de réir an tuairiscithe is déanaí: (i) seirbhísí cóiríochta agus bia, (ii) trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, agus (iii) monaraíocht (Graf 13). Sholáthair roinnt mhaith Ballstát tacaíocht do thuilleadh earnálacha freisin, amhail earnáil an chultúir, agus bearta spriocdhírithe ann ina gCinntí Cur Chun Feidhme faoi seach ón gComhairle.

[25] Ina theannta sin, i mBallstáit áirithe, bhí forluí suntasach ann idir faighteoirí tacaíochta ar fud bearta éagsúla, ar lena aghaidh nach bhféadfaí coigeartú iomchuí a dhéanamh. Sna cásanna sin, iarradh ar na Ballstáit gan ach cumhdach an bhirt (nó na mbeart) is mó a thuairisciú chun áireamh dúbailte a sheachaint. Dá réir sin, is féidir go mbeidh an cumhdach iarbhír níos airde fiú.


[26] An Coimisiún Eorpach (2020): An Margadh Saothair agus Forbairtí Pá in 2020, Caibidil 3, Forbairtí beartais. https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=23268&langId=en. Tá tuilleadh plé le fáil sa dara tuarascáil maidir le SURE.

Graf 12: FBManna a cumhdaíodh le SURE in 2020 (% de na FBManna iomlána)



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023)*
Tabhair faoi deara: Níor thuairiscigh an Pholainn ar mhéid an ghnólachta, ná níor sholáthair an Bheilg ná an tSeicia sonraí maidir leis an líon iomlán FBManna. Is é atá i gceist le FBManna na FBManna sin ag a bhfuil níos lú ná 250 fostaí.

Graf 13: Cumhdach earnála SURE



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023)*
Tabhair faoi deara: Leis an ngraf sin tuairiscítear meánsciar an chaiteachais sna trí earnáil is mó a thairbhíonn de SURE i ngach Ballstát. Nuair nach luaitear earnáil, glacaimid leis go bhfaigheann sí sciar den chaiteachas iarmharach atá comhréireach le párolla iomlán na hearnála sa gheilleagar. Is amhlaidh an cás freisin le haghaidh na Portaingéile, Ballstát nár thuairiscigh aon chumhdach earnála. Ina theannta sin, ní thuairiscíonn ceithre Bhallstát na sciartha caiteachais a théann chuig na trí phríomhearnáil: glacaimid leis go bhfaigheann an earnáil is mó 50 %, go bhfaigheann an dara hearnáil is mó 25 % agus go bhfaigheann an tríú hearnáil is mó 15 % den chaiteachas iomlán. Comhfhreagraíonn na figiúirí sin do na meáin sna Ballstáit sin a thuairiscigh na sciartha caiteachais.

In 2021, go háirithe sa chéad leath den bhliain inar leanadh de scrios a dhéanamh de dheasca na paindéime, le SURE tacaíodh le líon measta 9 milliún duine agus le níos mó ná 900 000 gnólacht. Áirítear leis sin beagnach 6,75 milliún fostaí agus 2,25 milliún duine fhéinfhostaithe, rud a chomhfhreagraíonn do thart ar 15 % den fhostaíocht iomlán agus de ghnólachtaí sna 15 Bhallstát is tairbhithe a lean den ionstraim a úsáid in 2021 (Graif 14 agus 15)[27]. D'ardaigh an figiúr sin ón tuarascáil dheireanach ós rud é, tar éis na mbreisithe a deonaíodh i bhfómhar 2022, gur úsáid an tSeicia agus an Chróit SURE chun caiteachas a chistiú in 2021, tar éis dóibh a n-iasacht a chaitheamh roimhe sin in 2020. D'fhág an téarnamh míchothrom in 2021 gur ceanglaíodh bearta tacaíochta eacnamaíocha fós féin ag céimeanna éagsúla ar feadh na bliana. Mar a léirítear i nGraf 1, díríodh orthu sin sa chéad leath de 2021 agus tháinig maolú orthu de réir mar a laghdaigh tionchar eacnamaíoch agus sláinte na paindéime níos déanaí sa bhliain de bharr vacsaínithe agus oiriúnuithe eacnamaíocha eile.


[27] Na Ballstáit a chaith a gcúnamh airgeadais SURE uile in 2020 ní áirítear anseo iad: an Eastóin, an Spáinn, Éire agus an tSlóivéin. Mar sin féin, lean roinnt mhaith de na Ballstáit sin dá mbearta ábhartha nó d'oiriúnaigh siad iad agus mhaoinigh siad trí fhoinsí eile iad.

Graf 14: Na hoibrithe a cumhdaíodh le SURE in 2021 agus 2022 (% den fhostaíocht iomlán)



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023)*
Tabhair faoi deara: Na Ballstáit a chaith a gcúnamh airgeadais SURE uile in 2020 ní léirítear anseo iad. Na Ballstáit a chaith cúnamh SURE faoi dheireadh 2021 ní áirítear in 2022 iad. Le neamhbhainteach (N/B) tagraítear do na Ballstáit nár thuairiscigh cumhdach le haghaidh na bliana sin.

Graf 15: Na gnólachtaí a cumhdaíodh le SURE in 2021 agus 2022 (% de na gnólachtaí iomlána)



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023)*
Tabhair faoi deara: Le gnólachtaí iomlána eisiatar gnólachtaí gan aon fhostaí. Le neamhbhainteach (N/B) tagraítear do na Ballstáit nár thuairiscigh cumhdach le haghaidh 2021 ná 2022.

In 2022, le SURE meastar gur tacaíodh le beagnach 350 000 duine agus le níos mó ná 40 000 gnólacht, i gcomhréir leis an laghdú ar chaiteachas a bhaineann le SURE. Is é atá ann sin thart ar 220 000 fostaí agus 130 000 duine féinfhostaithe. D'ardaigh an figiúr ón gceathrú tuarascáil ós rud é, de bharr a mbreisithe i bhfómhar 2022, gur úsáid an Bhulgáir, an Phortaingéil, an Ghréig agus an Chróit cúnamh airgeadais SURE in 2022 agus dá réir sin tháinig méadú ar fhigiúirí cumhdaigh 2022 (Graf 14). Mar sin féin, ní raibh SURE in úsáid a thuilleadh ag formhór na mBallstát in 2022. Níor úsáid ach ceithre Bhallstát SURE chun bearta a chistiú in 2022, agus chistigh naoi mBallstát eile bearta atá incháilithe le haghaidh SURE trí fhoinsí eile.

III. ANAILÍS AR THIONCHAR SURE

Leis an Roinn seo soláthraítear measúnú a tugadh cothrom le dáta ar thionchar SURE ar dhífhostaíocht, ar an bhfíorgheilleagar agus ar íocaíochtaí úis i mBallstáit is tairbhithe. Ba é ba chuspóir do SURE cuidiú leis na Ballstáit fostaíocht oibrithe agus daoine féinfhostaithe a chaomhnú le linn phaindéim COVID-19, agus ioncaim saothair á gcosaint dá réir sin freisin. Beartaíodh an méid sin dá réir sin chun téarnamh eacnamaíoch gasta a éascú nuair a ardaíodh na srianta paindéime. Leis an Roinn seo déantar measúnú ar na tionchair sin, agus an anailís a cuireadh i láthair sna tuarascálacha leathbhliantúla roimhe sin á tabhairt cothrom le dáta agus á leathnú. Cuirtear isteach na torthaí ó shamhail mhaicreacnamaíoch ón gCoimisiún, lena dtacaítear leis na torthaí roimhe sin. Ar an bhforiomlán, is torthaí faisnéiseacha iad agus tugtar le tuiscint leo go raibh tionchar dearfach ag SURE.


3.1. Tionchar SURE á mheas in 2020: éifeacht na paindéime ar an tionchar á maolú

Le fianaise tacaítear go soiléir le ról substaintiúil SURE in 2020, trí bhorradh i ndífhostaíocht a sheachaint thar aon ní eile. Cé go ndéantar difear le saincheisteanna modheolaíocha do mheastacháin chainníochtúla bheachta, tá na píosaí éagsúla fianaise uile a léirítear thíos, agus úsáid á baint as modheolaíochtaí éagsúla, dírithe ar an treo céanna. [28] Ar an gcéad dul síos, bhí tionchar ábhartha ag na scéimeanna náisiúnta lena dtacaítear le SURE ó thaobh dífhostaíocht níos ísle i lár na paindéime. Ar an dara dul síos, le SURE spreagadh scéimeanna náisiúnta flaithiúla a leagan síos chun poist a choinneáil.


3.1.1 Le SURE éascaíodh coinneáil poist agus ardú láidir i ndífhostaíocht agus neamhionannas á chosc

Bhí an t-ardú i ndífhostaíocht in 2020 i mBallstáit is tairbhithe i bhfad níos lú ná mar a bhí coinne leis. Go stairiúil, ba é a thiocfadh go tipiciúil as titim in OTI ardú suntasach i ndífhostaíocht. Mar sin féin, leis na bearta beartais gasta agus suntasacha a rinneadh in 2020 chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim COVID-19, lena n-áirítear SURE, maolaíodh tionchar na titime in aischur ar dhífhostaíocht. Bhí an méadú ar dhífhostaíocht dá bhrí sin, i bhformhór na dtíortha, níos ísle ná mar a bhí coinne leis (Graif 16 agus 17).[29]

Graf 16: Athruithe iarbhír in aghaidh athruithe lena bhfuil coinne ar ráta dífhostaíochta SURE-19 in 2019 in aghaidh 2020



Graf 17: Athruithe iarbhír in aghaidh athruithe lena bhfuil coinne ar ráta dífhostaíochta de réir an Bhallstáit is tairbhí in 2020



Foinse: *Ameco agus ríomhanna dílse.*

[28] Ar an gcéad dul síos, is deacair cás 'frithfhíorasach' a dhearadh maidir le feidhmíocht mhargadh an tsaothair in éagmais SURE: ós rud é nár soláthraíodh le SURE ach líne chosanta thánaisteach in aghaidh dífhostaíochta trí bhearta náisiúnta a mhaoiniú, is deacair tionchar SURE féin a shaoradh as tionchar na mbeart náisiúnta. Ar an dara dul síos, tá tionchar ag réimse leathan tosca ar an ngaolmhaireacht idir aischur agus fostaíocht, lena n-áirítear SURE. Ar na tosca eile áirítear nach raibh daoine in ann fostaíocht a lorg go gníomhach nó gur díspreagadh iad ón méid sin a dhéanamh de dheasca dúnadh codanna móra den gheilleagar. Leis an mbosca maidir le samhlacha ionsamhlúcháin luaitear tuilleadh agóidí freisin.

[29] Maidir le freagrúlacht na n-athruithe ar fhás eacnamaíoch do dhífhostaíocht, is minic a thagraítear dó sin sa litríocht eacnamaíoch mar 'Dlí Okun'. Le haghaidh mionsonraí breise féach an Coimisiún Eorpach (2021), *Quarterly Report on the Euro Area* [An Tuarascáil Ráithiúil ar an Limistéar Euro], Roinn III, *Iml. 20, Uimh. 2.*


Tabhair faoi deara: y-ais: Comhfhreagraíonn an t-athrú lena bhfuil coinne ar rátaí dífhostaíochta do na tuartha a eascraíonn as samhail cúlchéimnithe painéil le haghaidh Ballstáit is tairbhithe (Graf 16) agus samhail chúlchéimnithe thírshonrach (Graf 17) le haghaidh na tréimhse 1999 go 2019. Tá an anailís bunaithe ar chur chuige dhlí Okun, ina seasann an athróg spleách don athrú ar ráta dífhostaíochta agus ina dtagraíonn an athróg neamhspleách don ráta fáis fíor-OTI. Leis an tsonraíocht déantar rialú le haghaidh gnéithe tírshonracha (nach bhfuil athraitheach ó thaobh ama) den mhargadh saothair trí éifeachtaí tírshocraithe agus le haghaidh tosca atá samplachoiteann trí éifeachtaí atá socraithe ó thaobh ama. Is cosúil go bhfuil na torthaí láidir maidir le hathróga neamhspleácha breise a úsáid, amhail reachtaíocht maidir le cosaint fostaíochta agus an t-athrú ar ráta rannpháirtíochta an lucht saothair. Na rialuithe sonraíochta le haghaidh ingineacht aischuir trí mheastóir GMM na chéad difríochta a úsáid. Ní áirítear an Chróit ar chúiseanna infhaighteachta sonraí.

Leis na bearta tacaíochta beartais a glacadh, lena n-áirítear SURE, cuireadh cosc éifeachtach ar thart ar 1,5 milliún duine teacht chun bheith dífhostaithe. Le húsáid fhorleathan scéimeanna oibre gearr-ama agus beart comhchosúil eile mínítear go páirteach an méadú maothaithe ar dhífhostaíocht i gcomparáid leis an titim in aischur. Leis an gcosc sin ar dhífhostaíocht bhí líon measta 1,5 milliún duine in ann a bpoist a choinneáil in 2020 i mBallstáit is tairbhithe SURE[30]. Le Graf 18 léirítear miondealú ar na poist mheasta a sábháladh in aghaidh an Bhallstáit. Le hionsamhlúcháin léiritheacha bhreise arna ndéanamh ag an gCoimisiún (féach Bosca 2) tugtar le tuiscint gurb amhlaidh leis na scéimeanna oibre gearr-ama náisiúnta arna gcistiú le SURE sa limistéar euro amháin a sábháladh suas le 1 mhilliún post. Tugtar le tuiscint leis sin gur dócha gur sheas na scéimeanna sin lena dtacaítear le SURE do chuid shuntasach den 1,5 milliún post a sábháladh ar fud na 19 dtairbhí SURE. An tionchar dearfach atá ag SURE, tacaítear leis sin a thuilleadh leis an bhfíoras dá airde an méid a fuair gach Ballstát trí SURE in 2020, is ea is measartha an t-ardú i ndífhostaíocht i gcomparáid le caighdeáin stairiúla (Graf 19). An tráth céanna, bhí Ballstáit áirithe nach tairbhithe iad (e.g. an Fhrainc, an Ísiltír) in ann a staid airgeadais agus a gcoinníollacha cistiúcháin fabhracha a úsáid chun scéimeanna coinneála poist a bhí chomh mór céanna a reáchtáil.


Graf 18: An líon post measta a sábháladh in aghaidh an Bhallstáit in 2020 (mílte)

Graf 19: An ghaolmhaireacht idir an t-athrú ar an ráta dífhostaíochta agus cistiú eisíoctha SURE in 2020

[30]1,5 milliún atá mar mheánphointe na dtorthaí a dhíorthaítear ó na modheolaíochtaí a úsáidtear i nGraif 16 agus 17. Is é a thagann as an gcúlchéimniú painéil a léirítear i nGraf 16 agus as an gcúlchéimniú tírshonrach i nGraf 17 meastacháin de 1,35 milliún agus 1,9 milliún post a sábháladh, faoi seach.



Foinse: *Ameco agus ríomhanna dílse.*
Tabhair faoi deara: Díorthaíonn an meastachán ar na poist a sábháladh ón difríocht idir an t-athrú iarbhír agus an t-athrú lena bhfuil coinne ar an ráta dífhostaíochta, iolraithe faoi lucht saothair 2020. Leis sin glactar leis go bhfuil an lucht saothair iarbhír agus an lucht saothair lena bhfuil coinne mar an gcéanna. Le haghaidh tíortha áirithe, tá an meastachán cothrom le nialas, ós rud é go raibh an t-athrú iarbhír ar an ráta dífhostaíochta níos airde ná an ceann a tuaradh leis an tsamhail. Comhfhreagraíonn an t-athrú lena bhfuil coinne ar rátaí dífhostaíochta don tuar a eascraíonn as an tsamhail chúlchéimnithe thírshonrach a léirítear i nGraf 17.




Foinse: *Ameco agus ríomhanna dílse.*
Tabhair faoi deara: y-ais: Eascraíonn an t-athrú lena bhfuil coinne ar rátaí dífhostaíochta as an tsamhail chúlchéimnithe thírshonrach a mhínítear sa nóta a ghabhann le Graf 17.


Bhí SURE ina rannchuidiú freisin le cosc a chur le hardú i neamhionannas an mhargaidh saothair ar fud na mBallstát. Le SURE is cosúil gur coisceadh ardú láidir i ndífhostaíocht sna tíortha a d'fhulaing níos mó díobháil margaidh saothair le linn na géarchéime airgeadais domhanda. Ar an gcéad dul síos, an méadú ar an meánráta dífhostaíochta i dtairbhithe SURE, rianaíodh é go han-dlúth leis an méadú i neamhthairbhithe SURE tar éis ghéarchéim COVID-19. Tá codarsnacht idir an méid sin agus toradh na géarchéime airgeadais domhanda nuair a mhéadaigh meánráta dífhostaíochta i measc thairbhithe SURE go substaintiúil i gcomparáid le neamhthairbhithe (Graf 20). Ar an dara dul síos, tháinig laghdú suntasach ar scaipeadh na rátaí dífhostaíochta ar fud thairbhithe SURE ó phaindéim COVID-19, rud a chóineasaigh de réir a chéile leis an scaipeadh níos ísle a bhí le brath ag tairbhithe neamh-SURE (Graf 21). Cé go bhfuil coinne leis go stadfaidh an feabhsú ar an meánráta dífhostaíochta in 2023, tá sé suntasach freisin go bhfuil coinne leis go leanfaidh a scaipeadh ar fud thairbhithe SURE de bheith ag titim. Tá an laghdú sin i neamhionannas dífhostaíochta contrártha ar fad leis an méid a braitheadh sa ghéarchéim airgeadais dhomhanda. Tugtar le tuiscint leis an toradh sin freisin gurb é a bhí sna tairbhithe SURE sin na Ballstáit sin is mó a raibh gá ag a margaí saothair leis an ionstraim.

Graf 20: Éabhlóid an mheánráta dífhostaíochta idir Ballstáit SURE agus Ballstáit neamh-SURE

Graf 21: Scaipeadh stairiúil ar rátaí dífhostaíochta i mBallstáit SURE agus neamh-SURE



Foinse: *Ameco (réamhaisnéis earrach 2023).*
Tabhair faoi deara: Le 'SURE-19' tagraítear do na 19 mBallstát dar deonaíodh tacaíocht SURE. Le 'neamh-SURE' tagraítear do na hocht mBallstát atá fágtha den Aontas.



Foinse: *Ameco (réamhaisnéis earrach 2023).*
Tabhair faoi deara: Le scaipeadh tagraítear do dhiall caighdeánach an ráta dífhostaíochta a bhaineann le Ballstáit is tairbhithe SURE agus neamh-SURE, rud a ríomhtar le haghaidh gach bliana.

Rinneadh rath na scéimeanna oibre gearr-ama le linn na paindéime a dhearbhú freisin le taighde seachtrach. Le taighde arna dhéanamh ag CEPS maidir le glacadh scéimeanna coinneála poist léiríodh méadú substaintiúil ar ghlacadh i gcomparáid leis an Mórchúlú Eacnamaíoch[31]. Tá an tionchar is dearfaí ar ghlacadh ag maoiniú rialtais ar an scéim ina hiomláine. Dá mba rud é go raibh scéim i bhfeidhm roimh an ngéarchéim, méadaíodh úsáid scéimeanna leis sin go suntasach freisin. Léiríodh leo freisin dá airde an pá a íocadh agus an cumhdach (e.g. le haghaidh oibrithe neamhchaighdeánacha), is ea is airde an glacadh. Leis na torthaí soláthraítear tuilleadh fianaise chun tacú leis an bhfíoras go raibh éifeacht le scéimeanna oibre gearr-ama a cistíodh le SURE chun tionchar COVID-19 a mhaolú. Le Bosca 1 mionsonraítear tuilleadh samplaí áirithe de thaighde náisiúnta maidir le héifeachtacht scéimeanna na mBallstát.

Bosca 1: Fianaise atá ann cheana maidir le héifeachtacht na scéimeanna náisiúnta lena dtacaítear le SURE

Fianaise atá ann cheana maidir le héifeachtacht na mbeart tacaíochta éigeandála arna ndéanamh ag na Ballstáit mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, tá sí sách teoranta fós. Le staidéar a rinne an Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa le déanaí léiríodh gur féidir go mbeidh tábhacht le difríochtaí trasnáisiúnta i gcur chun feidhme beartas coinneála poist a thuiscint le haghaidh a n-éifeachtachta. Léirítear leis go mbaineann leathnú agus úsáid mhéadaitheach beartas coinneála poist le dearadh na mbeartas sin. Cumhdach níos leithne, rátaí athsholáthair pá níos airde, agus cistiú rialtais níos flaithiúla, baineann siad go dearfach le rátaí glactha[32]. Leis an

[31] Féach Corti, F., Ounnas, A, & Ruiz de la Ossa, T (2023). Job retention schemes between the Great Recession and the COVID-19 crises – Does the institutional design affect the take up? [Scéimeanna coinneála poist idir an Mórchúlú Eacnamaíoch agus géarchéimeanna COVID-19 – An ndéantar difear leis an dearadh institiúideach don ghlacadh?] An EU-27 cross-country comparison [Comparáid trastíre AE-27] *CEPS in-depth analysis [Anailís dhomhain CEPS]*. Eanáir 2023 – 02. Tugadh cistiú don taighde sin ón gclár taighde agus nuálaíochta Fís 2020 de chuid an Aontais.
[32] Ibid.

mbosca seo soláthraítear achoimre ghearr ar shonraí atá ar fáil ar scéimeanna náisiúnta i mBallstáit áirithe a thairbhigh de thacaíocht SURE.

Sa **tSlóivéin**, bhí dhá phríomhchlár náisiúnta ann arbh é ab aidhm dóibh dífhostaíocht a chosc: 'liúntas páirtaimseartha' lena gcumhdaítear cuid de chostais pá fostaithe ar laghdaíodh a seachtain oibre; agus scéim scoir shealadaigh lena n-íoctar cúiteamh pá chomh maith le costais oiliúna le haghaidh oibrithe ar cuireadh a gconradh ar fionraí go sealadach. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an mbeart, ní dheachaigh ach 3 % den líon iomlán 1 850 oibrí as gnó. Le sonraí clárlainne fostaíochta ó Mheitheamh 2021 léirítear go raibh a bpoist caillte ag 7,3 % d'oibrithe sna cuideachtaí lenar tacaíodh tar éis deireadh a bheith tagtha leis na bearta, cé gur choimeád 92,7 % a bpoist[33].

Sa **Ghréig**, tugadh isteach bearta éagsúla chun suaitheadh fostaíochta na paindéime a mhaolú, lena n-áirítear toirmeasc ar leagan as sna tionscail is mó a ndéantar difear dóibh agus tacaíocht ioncaim ar choinneáil fostaíochta a riochtú. Leis an anailís (bunaithe ar mheastachán difríochtaí-i-ndifríochtaí) ar éifeachtaí fostaíochta phaindéim COVID-19 agus ar an bhfreagairt beartais rialtais ghaolmhar léirítear nár mhéadaigh an dífhostaíocht go substaintiúil, a bhuí leis na bearta coinneála poist go príomha. An tráth céanna, laghdaigh obair shéasúrach (i dturasóireacht go príomha) go suntasach de dheasca na dianghlasála i gcomparáid leis na treochtaí i mblianta roimhe sin. Is é a tháinig as sin méadú teoranta ar dhífhostaíocht, rud a d'fhéadfadh a bheith inchurtha i leith dinimic shéasúrach bhriste, ós rud é go raibh an dianghlasáil i gcomhthráth le buaic an fhostaithe shéasúraigh. Níor fhill treochtaí fostaithe chuig leibhéil réamhphaindéime go dtí an chéad ráithe de 2021[34].

Le comparáid idir éifeachtaí fostaíochta an tsuaite paindéime agus na hidirghabhála rialtais sna **Stáit Bhaltacha** tugadh léargas ar chur chun feidhme ilchineálach agus éifeachtúlacht na mbeart éagsúil. Le bearta coinneála poist laghdaíodh an t-ardú ar dhífhostaíocht go suntasach. Mar sin féin, tá fianaise ann gur féidir go raibh céimeanna éagsúla éifeachtachta ar fud na hEastóine, na Laitvia agus na Liotuáine ag na cineálacha éagsúla clár coinneála poist (scéimeanna oibre gearr-ama, scéimeanna scoir shealadaigh agus fóirdheontais phá) (Foresight Centre, 2020)[35].

3.1.2 Le SURE tacaíodh le margadh an tsaothair trí chainéil éagsúla

Le SURE cuireadh breisluach isteach trí mhuinín a chothú sa gheilleagar agus na Ballstáit a spreagadh chun scéimeanna oibre gearr-ama forleathana agus uaillmhianacha a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta. Tá dúshlán ar leith ag baint le measúnú a dhéanamh ar an 'tionchar breise' atá ag SURE i gcomparáid le bearta náisiúnta. Leis an bhfianaise bunaithe ar shuirbhé a soláthraíodh i dtuarascálacha roimhe sin deimhnítear tionchar sonrach SURE, is é sin feabhas a chur ar mhuinín ar fud an Aontais, tacaíocht agus spreagadh an Aontais le haghaidh úsáid scéimeanna oibre gearr-ama i gcomhthéacs sonrach phaindéim COVID-19 agus é a chur ar a gcumas do na Ballstáit níos mó ná a mhalairt a chaitheamh ar thacaíocht fostaíochta mar fhreagairt ar na dianghlasálacha paindéimeacha agus srianta eile ar ghníomhaíocht eacnamaíoch.

Ar an gcéad dul síos, bhí SURE ina chuidiú chun feabhas a chur ar mhuinín ghinearálta i gcumas an Aontais chun freagairt go héifeachtach do ghéarchéim gan fasach. Bhí freagairt bheartais an Aontais do COVID-19 tripháirteach: i) maolú ar an gcreat rialála lena n-áirítear na Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII agus CRII +), an creat

[33] Ministrstvo za delo, druzino, socialne zadeve in enake moznosti Republike Slovenije, S. za analize in razvoj. (2022). Analiticna podlaga za potrebe vzpostavitve stalne sheme skrajsanega delovnega casa v Sloveniji.

[34] Betcherman, G., Giannakopoulos, N., Laliotis, I., Pantelaiou, I., Testaverde, M., & Tzimas, G. (2023). The short-term impact of the 2020 pandemic lockdown on employment in Greece. [Tionchar gearrthéarmach dhianghlasáil phaindéim 2020 ar fhostaíocht sa Ghréig.] Empirical Economics. https://doi.org/10.1007/s00181-023-02381-2

[35] Foresight Centre. (2020). Athbhreithniú comparáideach ar impleachtaí socheacnamaíocha na paindéime coróinvíris (COVID-19) sna Stáit Bhaltacha.

státchabhrach agus gníomhachtú an chlásail éalaithe ghinearálta le haghaidh beartas fioscach; ii) cúlstop airgeadais (SURE agus an ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach le haghaidh gnólachtaí); agus iii) fógairt na chéad ionstraime Next Generation EU eile[36]. Bhí an fhreagairt sin ina comhlánú ar an tacaíocht arna soláthar trí na cistí struchtúracha agus infheistíochta Eorpacha, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa. Le SURE ceanglaíodh ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú an-tapa maidir leis an ionstraim a bhunú agus ráthaíochtaí buiséadacha a sholáthar go deonach, lenar seoladh comhartha láidir maidir le cumas an Aontais freagairt go héifeachtach agus go gasta do ghéarchéim. Is dócha go raibh an acmhainneacht chomhchoiteann sin chun freagairt don ghéarchéim agus ionstraimí atá saincheaptha go leordhóthanach á n-úsáid ina rannchuidiú le tacú le muinín gníomhairí eacnamaíocha san Aontas, ina Bhallstáit agus cáilíocht na freagartha beartais sonraí. Léiríodh an éifeacht sin le torthaí an tsuirbhé Eorabharaiméadair ó Nollaig 2021, lenar léiríodh go raibh 82 % de shaoránaigh an limistéir euro, i dtíortha is tairbhithe agus is ráthóirí araon, den tuairim go raibh iasachtaí SURE ina smaoineamh maith (Graf 22)[37]. Tuigtear go raibh an mhuinín sin ina rannchuidiú maidir le raon difríochta an ráta úis a laghdú le haghaidh iasachtaíocht cheannasach na mBallstát agus feabhas a chur ar ionchas fáis an Aontais. Bhí SURE ina chuidiú chun beartas fioscach a shlógadh ar bhealach éifeachtach, a bhuí freisin lena dhearadh, a bhí saincheaptha don chineál suite a cruthaíodh le COVID-19. D'oibrigh an staid fhioscach thacúil sin i gcomhar leis an mbeartas airgid réidh chun gníomhaíocht eacnamaíoch a chosaint le linn na paindéime.

Ar an dara dul síos, trí SURE, thacaigh an tAontas le húsáid beart coinneála poist agus spreag sé é sin. Trí chúnamh airgeadais a sholáthar chun scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú, le SURE spreagadh na Ballstáit chun na cineálacha sin beartas a shaothrú, i gcomhréir freisin le Treoirlínte Fostaíochta 2020. Rinne an Coimisiún suirbhé ad hoc ar na Ballstáit is tairbhithe SURE chun tuiscint níos fearr a fháil ar cé chomh maith agus a d'oibrigh an cainéal sin.[38] Leis an suirbhé suíodh gurb amhlaidh le SURE a cuireadh é ar a gcumas do na Ballstáit a bheith níos uaillmhianaí sna beartais a thug siad isteach.

- *Léirigh formhór na mBallstát is tairbhithe go raibh ról ag SURE ina gcinneadh chun scéim oibre gearr-ama nua a ghlacadh nó scéim atá ann cheana a mhodhnú.* Chuir naoi mBallstát scéim oibre gearr-ama nua ar bun mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19[39] agus mhodhnaigh ceithre Bhallstát scéim oibre gearr-ama atá ann cheana.[40] I gcás fhormhór na scéimeanna sin, tugadh isteach nó modhnaíodh iad i Márta 2020, go gairid sular bheartaigh an Coimisiún ionstraim SURE. Tar éis do SURE a bheith beartaithe,

[36] Féach freisin an Coimisiún Eorpach (2021), *Report on Public Finances in EMU 2020* [Tuarascáil ar Airgeadas Poiblí in AEA 2020] chun tuilleadh faisnéise a fháil ar fhreagairt bheartais an Aontais do COVID-19.

[37] Go sonrach, iarradh ar na freagróirí: 'Cad iad do smaointe maidir leis an tacaíocht airgeadais is déanaí ón Aontas le haghaidh na mBallstát chun géarchéim COVID-19 a shárú?' An gceapann tú gur rud maith é nó nach rud maith é na nithe seo a leanas a sholáthar… iasachtaí chun cabhrú leis na Ballstáit leasmhara daoine a choinneáil san fhostaíocht?' Féach: https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2289

[38] Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an ról a bhí ag SURE i gcruthú agus úsáid scéimeanna oibre gearr-ama agus beart comhchosúil ar an leibhéal náisiúnta le linn phaindéim COVID-19, d'iarr an Coimisiún tuairimí go díreach ar údaráis na mBallstát trí cheistneoir a cuireadh faoi bhráid an Choiste Fostaíochta (EMCO). As na 19 mBallstát a chuir isteach ar thacaíocht faoi SURE, sholáthair 15 díobh freagraí ar an gceistneoir.


[39] An Bhulgáir, an Chipir, an Ghréig, an Chróit, an Ungáir, an Liotuáin, an Laitvia, an Rómáin agus an tSlóivéin. Chinn an Ungáir a scéim gearr-ama nua a mhaoiniú agus úsáid á baint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa seachas SURE.

[40] An Bheilg, an Spáinn, Éire agus an Iodáil.

tugadh scéimeanna nua isteach san Ungáir, an Ghréig, an Rómáin agus an tSlóivéin, agus rinne an Iodáil agus an Spáinn scéimeanna a bhí ann cheana a mhodhnú a thuilleadh.

- *Le SURE cuireadh é ar a gcumas freisin do Bhallstáit áirithe a bheith níos uaillmhianaí maidir le bearta atá comhchosúil le scéimeanna oibre gearr-ama.* D'iarr 17 mBallstát cúnamh airgeadais SURE freisin le haghaidh scéimeanna atá comhchosúil le hobair ghearr-ama. Bhí na bearta sin tugtha isteach ag Ballstáit áirithe sular beartaíodh SURE, agus thug Ballstáit eile isteach iad ina dhiaidh sin.[41] Rinne formhór na mBallstát ar a ndearnadh suirbhé scéimeanna nua a thabhairt isteach a bhí comhchosúil le hobair ghearr-ama mar fhreagairt ar infhaighteacht ionchasach maoiniúcháin ó SURE. Thairis sin, i dtrí Bhallstát, bhí infhaighteacht mhaoiniú SURE ina rannchuidiú le méadú ar an mbuiséad a leithdháiltear le haghaidh na scéimeanna sin.

Graf 22: Tuairimí shaoránaigh an Aontais maidir le cé acu a bhí nó nach raibh iasachtaí SURE ina smaoineamh maith (% de na freagraí iomlána)



Foinse: *Suirbhé Eorabharaiméadair foilseachán Nollaig 2021, a rinneadh i dtíortha an limistéir euro i nDeireadh Fómhair agus Samhain 2021. Féach fonóta 37.*

Ar an tríú dul síos, bhí SURE mar bhonn taca faoi mhuinín na mBallstát chun iasachtaíocht agus caiteachas níos mó a dhéanamh ar bhearta gaolmhara ná mar a dhéanfaidís seachas sin. Bhí an méid sin fíor go háirithe ós rud é go raibh an maoiniú ar fáil ag rátaí an-íseal agus ar aibíocht fhada, mar a bhí SURE, agus toisc gur soláthraíodh eilimint luath de fhreagairt bheartais an Aontais leis nuair a lean éiginnteacht de bheith ard. Léirigh formhór na mBallstát is tairbhithe go raibh ról ag tacaíocht SURE maidir le cumhdach agus flaithiúlacht scéimeanna oibre gearr-ama agus beart comhchosúil a mhéadú go sealadach, agus maidir le cistiú foriomlán na mbeartas chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19.[42] Léirigh sé Bhallstát gur méadaíodh buiséad a scéimeanna oibre gearr-ama faoi seach tar éis don Choimisiún

[41] Ritheadh reachtaíocht le haghaidh na scéimeanna 'comhchosúla' sin roimh an 2 Aibreán (sa Chipir, an Ghréig, Éire, an Pholainn agus tSlóivéin), tar éis an 2 Aibreán (sa Spáinn, an Ungáir agus tSeicia), nó ag tráthanna éagsúla de réir mar a chuaigh an ghéarchéim ar aghaidh, idir Márta agus Iúil 2020 (sa Bheilg, an Iodáil, an Liotuáin, an Laitvia, Málta agus an Rómáin).

[42] De réir shuirbhé EMCO.

cruthú SURE a bheartú. In dhá cheann de na cásanna sin, measadh go raibh ardleibhéal tionchair ag SURE ar an gcinneadh.

Bosca 2: Ionsamhlúcháin samhla léiritheacha maidir le tionchar na scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoinítear le SURE

Leis an mbosca seo úsáidtear samhail Iltíre Domhanda (GM) an Choimisiúin chun an tionchar atá ag scéimeanna oibre gearr-ama (STW) a mhaoinítear le SURE a ionsamhlú le linn phaindéim COVID-19[43].

(i) Modheolaíocht

Tá samhail GM ina samhail geilleagair oscailte arna húsáid ag an gCoimisiún chun anailís a dhéanamh ar luaineachtaí timthrialla gnó agus beartais chobhsúcháin mhaicreacnamaíocha. Déantar a paraiméadair iompraíochta a mheas le teicnící Bayes, agus úsáidtear an tsamhail go tráthrialta chun rannchuidiú le Réamhaisnéisí Eacnamaíocha an Choimisiúin Eorpaigh.

Úsáidtear samhail GM anseo chun staidéar a dhéanamh ar thionchar na scéimeanna STW a mhaoinítear le SURE, lena n-áirítear freisin fóirdheontais phá agus tacaíocht chomhchosúil le haghaidh daoine féinfhostaithe (seachas bearta eile amhail bearta a bhaineann le sláinte). Ós rud é go bhfuil an tsamhail roinnte in dhá réigiún, an limistéar euro (20 Ballstát) agus an chuid eile den domhan, ní scrúdaítear leis na hionsamhlúcháin ach an tionchar atá ag cistí SURE a eisíoctar leis na 14 mBallstát is tairbhithe den aontas airgeadaíochta, atá cothrom le thart ar EUR 72 bhilliún san iomlán (73 % de thacaíocht iomlán SURE). Caitheadh an méid is mó sa dara ráithe de 2020, rud a shroich thart ar 1 % de OTI (ráithiúil) a bhaineann leis an limistéar euro.

(ii) Cainéil an tionchair

Chun an tionchar atá ag scéimeanna STW a ghabháil ar bhealach níos fearr, méadaítear samhail GM chaighdeánach trí struchtúr margaidh saothair níos cuimsithí. Go sonrach, leis sin is féidir idirdhealú a dhéanamh idir an corrlach fairsing (an líon fostaithe) agus an corrlach dian (uaireanta in aghaidh an fhostaí), chomh maith le huaireanta conarthacha a íocadh agus uaireanta éifeachtacha a oibríodh. Trí uaireanta nár oibríodh le linn suaití diúltacha sealadacha a fhóirdheonú, is é a thagann as scéimeanna STW coinneáil poist ó thaobh an lín daoine. I bhfocail eile, le scéimeanna STW is féidir gnólachtaí a spreagadh chun saothar a choigeartú trí uaireanta laghdaithe seachas trí leagan as.

Cé is moite de leagan as a chosc, le STW luasghéaraítear ar théarnamh eacnamaíoch. Ach a bhfoireann a choinneáil a bhuí le scéimeanna STW, seachnaíonn fostóirí freisin na próisis chostasacha deighilte, athfhostaithe agus oiliúna le linn na dtéarnamh eacnamaíoch faoi dheireadh. Tá an cainéal coigilte costais sin suntasach go háirithe le linn mórchúluithe eacnamaíocha nuair is amhlaidh a lagaítear cumas na ngnólachtaí chun leagan as a sheachaint de dheasca srianta leachtachta agus cláir chomhardaithe níos laige.

Ina theannta sin trí dhífhostaíocht a mhaolú, le STW cuidítear le héileamh ioncaim agus tomhaltais oibrithe a chobhsú. Ar an bhforiomlán, le scéimeanna STW is féidir tionchar diúltach suaití díobhálacha sa mhargadh saothair a mhaolú

[43] Is é atá i gceist le samhail GM samhail mhaicreacnamaíoch struchtúrach sa traidisiún Keynesach nua. D'fhorbair Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais agus Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh í i gcomhpháirt. Le haghaidh tuairisc mhionsonraithe ar an bpríomhshamhail GM, féach A. Albonico, L. Calès, R. Cardani, O. Croitorov, F. Di Dio, F. Ferroni, M. Giovannini, S. Hohberger, B. Pataracchia, F. Pericoli, P. Pfeiffer, R. Raciborski, M. Ratto, W. Roeger & L. Vogel (2019). The Global Multi-Country Model (GM): an Estimated DSGE Model for the Euro Area Countries [An tSamhail Iltíre Dhomhanda (GM): Samhail DSGE Mheasta le haghaidh Thíortha an Limistéir Euro]. *Páipéar Plé Uimh. 102 ó ECFIN. An Coimisiún Eorpach.*

agus rannchuidiú le geilleagar níos athléimní.

(iii) Ionsamhlú agus torthaí

Sa chleachtadh samhaltaithe sin, meastar gur idirghabháil rialtais lánroghnach chun uaireanta nár oibríodh a fhóirdheonú iad scéimeanna STW a mhaoinítear le SURE. Leis an idirghabháil rialtais sin, a scálaítear chuig méid SURE, is féidir na caillteanais poist choiscthe a mheas ar bhealach stílithe.

Bunaithe ar na cainéil ar a dtugtar tuairisc thuas, leis na hionsamhlúcháin samhla 'chaighdeánacha' tugtar le tuiscint gurb amhlaidh a bhí tionchar dearfach substaintiúil ag scéimeanna STW a mhaoinítear le SURE ar fhostaíocht, agus caillteanais poist a bhí cothrom le thart ar thrí cheathrú cuid de mhilliún á gcosc sa limistéar euro.

Mar sin féin, leis na torthaí ionsúcháin 'caighdeánacha' sin is féidir go dtabharfar meas faoina luach ar thionchar ionchasach caillteanas poist le linn mórchúlú eacnamaíoch, amhail an ceann a cruthaíodh de dheasca phaindéim COVID-19. Go háirithe, tugtar le tuiscint le taighde gur féidir luaineachtaí fostaíochta a fhorbairt go suntasach de dheasca dolúbthacht pá agus srianta leachtachta gnólachta[44]. Tá an méid sin i gcomhréir freisin le fianaise eimpíreach lena léirítear go n-ardaíonn an ráta dífhostaíochta ar bhealach níos tapa le linn cúluithe ná mar a thiteann sé le linn leathnuithe[45]. Chun an ghné sin a ghabháil, le cás 'mórchúlaithe' meastar fostaíocht níos airde in aghaidh leaisteachas aischuir[46]. Agus dinimic sin an ráta dífhostaíochta á cur san áireamh, *bheadh an líon measta post a sábháladh gar do 1 mhilliún post le haghaidh an limistéir euro*. Lena chur ar bhealach eile, gan scéimeanna STW a mhaoinítear le SURE, bheadh 8,6 % sroichte ag ráta dífhostaíochta an limistéir euro in 2020 (seachas an 8,0 % a breathnaíodh).

Ar an bhforiomlán, leis na hionsamhlúcháin stílithe sin tugtar sábhálacha poist substaintiúla le fios, san ord céanna méide le meastacháin dhlí Okun a chuirtear i láthair ar lch. 23. Murab ionann agus anailís Dhlí Okun a chuirtear i láthair i nGraf 16, leis an ionsamhlúchán sin ní dhírítear ach ar éifeachtaí scéimeanna STW a mhaoinítear le SURE, seachas ar an bhfreagairt bheartais fhoriomlán ar COVID-19.

(iv) Agóidí

Leis na hionsamhlúcháin léirítear an tionchar láidir atá ag SURE ar fhostaíocht a bhuí le scéimeanna STW. Mar sin féin, is gá agóidí áirithe a mheas agus na torthaí á léirmhíniú, go háirithe, na héifeachtaí ar an taobh thuas agus ar an taobh thíos seo a leanas:

- (+) I bprionsabal, le STW is féidir tuilleadh easnaimh éilimh atá bainteach le húdair imní dhífhostaíochta a mhaolú. Leis an samhaltú ní áirítear na sochair chobhsúcháin bhreise sin a eascraíonn as sábhálacha réamhchúraim laghdaithe[47]. Thairis sin, d'fhéadfadh na sochair ó scéimeanna STW mar chobhsaitheoirí uathoibríocha sochair na hidirghabhála rialtais lánroghnaí a mhaoinítear le SURE a shárú[48].
- (+) Trí phoist agus fostaíocht a choinneáil ar bun, le scéimeanna STW is féidir díobhálacha fadtéarmacha ó dhífhostaíocht a chosc, amhail caillteanais scileanna nó díspreagadh ó bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair.
- (-) Ar an drochuair, áfach, leis na hionsamhlúcháin samhla eisiatar éifeachtaí athdháilte díobhálacha féideartha sa mhargadh saothair, ós rud é go bhféadfaí le STW oibrithe a dhíspreagadh ó aistriú chuig

[44] Féach, e.g., Giroud, X., & Mueller, H. (2017). Firm Leverage, Consumer Demand, and Employment Losses During the Great Recession. *Quarterly Journal of Economics* 132 (1), 271-316.

[45] Maidir le neamhshiméadrachtaí timthrialla gnó in ECFE, féach, mar shampla, Abbritti, M., & Fahr, S. (2013). Downward wage rigidity and business cycle asymmetries. *Journal of Monetary Economics*, 60(7), 871-886.

[46] Chun an ghné sin a ghabháil, roinntear paraiméadar costais coigeartaithe fostaíochta na samhla ina dhá leath. Cé go bhfuil sé stílithe, ar an iomlán tá an paraiméadrú sin i gcomhréir le Gehrke agus Hochmuth a léiríonn gur féidir an éifeacht ar fhostaíocht tar éis suaitheadh STW lánroghnach dúbailt i gcúlú níos mó. Féach Gehrke, B. & Hochmuth, B., (2021), Counteracting Unemployment in Crises: Non-Linear Effects of Short-Time Work Policy, *Scandinavian Journal of Economics*, 123, eagrán 1, lch. 144-183.

[47] Measann Dengler agus Gehrke gur féidir poitéinseal cobhsúcháin STW a mhéadú le suas le 55 % ach coigilteas réamhchúraim a chur san áireamh. Féach, Dengler, T. & Gehrke, B. (2021). Short-time work and precautionary savings, *IZA DP* Uimh. 14329.

[48] Féach, e.g., Balleer, A., Gehrke, B., Lechthaler, W., & Merkl, C. (2016). Does short-time work save jobs? A business cycle analysis. *European Economic Review*, *84*, 99-122.

gnólachtaí nó earnálacha níos táirgiúla. Mar sin féin, leis an athbhorradh an-láidir a tháinig ar gheilleagar an limistéir euro in 2021 agus le cineál sealadach SURE tugadh le tuiscint gur éifeacht den dara hord ab ea an éifeacht sin.

- (-) Ina theannta sin, leis an tsamhail ní chuirtear fadhbanna baoil mhorálta ionchasacha san áireamh, amhail gnólachtaí a bheith á ndreasú chun uaireanta a laghdú níos mó ná mar is gá faoi STW. Mar sin féin, tugtar le tuiscint le fianaise eimpíreach go leanann an tsaincheist sin de bheith réasúnta srianta[49].

3.2. Tionchar SURE in 2021 agus ina dhiaidh sin á mheas: éascú á dhéanamh ar an téarnamh eacnamaíoch

Le cosaint na fostaíochta sa chéad 2 bhliain den phaindéim tacaíodh le téarnamh eacnamaíoch níos gasta in 2021 ná mar a bhí i gceist i ngéarchéimeanna roimhe sin. Ar an gcéad dul síos, d'fhill OTI agus an dífhostaíocht ar a leibhéil roimh an ngéarchéim i mBallstáit is tairbhithe SURE ar bhealach i bhfad níos tapa ná mar a bhí i gceist tar éis na géarchéime airgeadais domhanda agus ghéarchéim fiachais an limistéir euro (Graf 23). Tharla an méid sin d'ainneoin na rabhartaí ina dhiaidh sin den phaindéim lenar gá srianta a thabhairt isteach an athuair le linn 2021[50]. Ar an dara dul síos, d'ainneoin ionradh na Rúise ar an Úcráin agus na géarchéime daonnúla agus fuinnimh a tháinig as sin, lean fás eacnamaíoch in 2022 agus, bunaithe ar an réamhaisnéis ón gCoimisiún in earrach 2023, ba cheart go leanfadh sé in 2023, cé gur ráta níos moille a bheadh i gceist[51]. Mar sin féin, tá an téarnamh a bhí le brath ag an gcéim chéanna tar éis na géarchéime airgeadais domhanda agus ghéarchéim fiachais an limistéir euro fós á shárú aige, ó tharla gur fhill geilleagar an Aontais ar an leibhéal aischuir a bhí aige roimh an bpaindéim in 2021, cé gur lean sé de bheith i bhfad faoi bhun an leibhéil a bhí aige roimh an ngéarchéim ag an gcéim chéanna sa dá ghéarchéim roimhe sin. Tugtar le tuiscint leis sin gur cuidiú a bhí ann an lucht saothair a bhí ar fáil a choimeád nasctha le gnólachtaí trí scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus is amhlaidh a bhí an méid sin ina chuidiú chun tacú leis an téarnamh gasta, d'ainneoin na staide eipidéimeolaíochta dúshlánaí in 2021[52].


Graf 23: Comparáid stairiúil ar an téarnamh ar OTI agus dífhostaíocht tar éis géarchéime

[49] Féach Giupponi G. & Landais C., Subsidizing Labour Hoarding in Recessions: The Employment and Welfare Effects of Short-time Work, *Review of Economic Studies*, (2022); agus Giupponi G, Landais, C. & Lapeyre, A. (2022). Should We Insure Workers or Jobs during Recessions? *Journal of Economic Perspectives*, 36 (2): 29-54.

[50] Ba cheart a thabhairt faoi deara mar sin féin gurb amhlaidh le cineál na géarchéime airgeadais domhanda agus, go sonrach, an díghiaráil thobann a fórsáladh san earnáil phríobháideach dá dheasca a cruthaíodh iarmhairtí a bhí an-ghéar le haghaidh gníomhaíochta agus fostaíochta, gan beann ar na bearta tacaíochta fostaíochta a d'fhéadfadh a bheith glactha.

[51] Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh (2023). *European Economic Forecast:*[Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa:] *Spring 2023* [Earrach 2023].

[52] Le haghaidh tuilleadh mionsonraí féach an Coimisiún Eorpach (2022), *Quarterly Report on the Euro Area* [An Tuarascáil Ráithiúil ar an Limistéar Euro], Roinn III, Iml. 21, Uimh. 2. Leis an alt léirítear nár lagaíodh soghluaisteacht an lucht oibre le SURE, rud atá ábhartha le haghaidh athdháileadh éifeachtúil acmhainní tar éis ráig na paindéime agus a héifeachtaí struchtúracha ar gheilleagar an Aontais.




Foinse: *Ameco (Réamhaisnéis Earrach 2023 ón gCoimisiún), Eurostat*
Tabhair faoi deara: Léirítear OTI comhiomlán agus an meánráta dífhostaíochta le haghaidh na mBallstát is tairbhithe SURE. Leis an tréimhse t-1 tagraítear don bhliain roimh na géarchéimeanna faoi seach. t=2009 le haghaidh géarchéim airgeadais dhomhanda (GFC); t=2012 le haghaidh ghéarchéim fiachais an limistéir euro; t=2020 le haghaidh ghéarchéim COVID. Le t+3 le haghaidh na géarchéime COVID tagraítear do 2023.

Le sonraí suirbhé léirítear gurb amhlaidh le SURE a tacaíodh le gníomhaíocht na n-earnálacha eacnamaíocha is mó a ndearnadh difear dóibh de dheasca na paindéime in 2021. Le Suirbhé Gnó agus Tomhaltóirí an Aontais léiríodh gurb amhlaidh a lean na hearnálacha seirbhísí is mó a ndearnadh difear dóibh de dheasca COVID-19 i mBallstát is tairbhithe SURE (seirbhís cóiríochta, bia agus deochanna, gníomhaireachtaí taistil, gníomhaíochtaí spórt agus seirbhísí pearsanta eile) de bheith ag fulaingt de dheasca éileamh agus muinín lag sa chéad leath de 2021 go háirithe (Graf 24). Os a choinne sin, rinneadh difear níos lú do mhonaraíocht de dheasca na srianta go luath in 2021 agus is fearr a d'fheidhmigh an earnáil sin. Mar a léirítear i nGraf 12, ba iad na hearnálacha is mó a sheas don sciar is mó de chaiteachas SURE seirbhísí cóiríochta agus bia agus trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, rud a thugann le fios gur tugadh aghaidh le SURE ar na riachtanais is práinní trí thacú leis na hearnálacha is mó a bhí buailte[53].

Graf 24: Éileamh earnála seirbhísí agus caiteachas SURE

[53] Is cosúil go dtugtar le tuiscint leis sin gur soláthraíodh an tacaíocht is gá le SURE go príomha. Féach fonóta 52 freisin.



Foinse: *Clár Shuirbhé Gnó agus Tomhaltóirí an Aontais Márta 2023; Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023)*
Tabhair faoi deara: Le haghaidh seirbhísí, léirítear an meáninnéacs le haghaidh seirbhísí cóiríochta, bia agus deochanna, gníomhaireachtaí taistil, gníomhaíochtaí spóirt agus seirbhísí pearsanta eile.

3.3. An éifeacht airgeadais dhíreach: coigilteas úis

Meastar gur choigil na Ballstáit EUR 9 mbilliún san iomlán ar íocaíochtaí úis trí chúnamh airgeadais a fháil trí SURE. Tá an méid sin bunaithe ar na naoi n-eisiúint uile de chuid SURE, suas leis an eisíocaíocht an 14 Nollaig 2022 (Tábla 4)[54]. Gineadh an coigilteas sin mar iasachtaí SURE agus tairgeadh rátaí úis níos ísle do na Ballstáit leo ná mar a bheadh íoctha acu dá mbeadh fiachas ceannasach eisithe acu féin, agus sin ar feadh meántréimhse nach mór 15 bliana.[55] Is é is cúis leis sin rátáil chreidmheasa láidir an Aontais agus leachtacht bhannaí SURE[56]. Bhí an coigilteas is mó taifeadta ag na Ballstáit ag a raibh rátálacha creidmheasa ísle.

Tábla 4: Coigilteas Rátaí Úis in aghaidh an Bhallstáit

Ballstát	An méid a eisíocadh (EUR bn)	Meánraon difríochta	Meánaibíocht	Coigilteas úis (EUR bn)	Coigilteas Úis (% den mhéid a eisíocadh)
An Bheilg	8,2	0,06	14,7	0,14	1,7
An Chipir	0,6	0,64	14,7	0,06	9,7
An Ghréig	6,2	0,84	14,6	0,65	10,6
An Spáinn	21,3	0,44	14,7	1,58	7,4

[54] Tá tuilleadh mionsonraí ar an modheolaíocht le fáil i Roinn III de Quarterly Report on the Euro Area [An Tuarascáil Ráithiúil ar an Limistéar Euro], Roinn III, Iml. 20, Uimh. 2 (2021).
[55] Leis na meastacháin sin eisiatar aon éifeacht mhuiníne bhreise fhéideartha a fhéadfadh a bheith ag ionstraimí éigeandála nua, lena n-áirítear SURE, ar mhuinín gníomhairí eacnamaíocha agus raon difríochta an ráta úis le haghaidh iasachtaíocht cheannasach na mBallstát. Thairis sin, bhí na Ballstáit in ann méid a n-eisiúna ceannasaí féin a laghdú sna tréimhsí cistiúcháin sin, agus is é is dócha gur cuireadh feabhas leis sin ar na coinníollacha a d'fhéadfaidís a bhaint amach leis an eisiúint sin.
[56] Tá rátáil AAA ó Fitch, Moody's, DBRS & Scope ag an Aontas agus rátáil AA+ (ionchas cobhsaí) aige ó Standard & Poor's.

An Chróit	1,6	1,03	14,5	0,21	13,4
An Ungáir*	0,7	1,80	14,8	0,15	22,5
An Iodáil	27,4	0,96	14,8	3,76	13,7
An Liotuáin	1,1	0,13	14,8	0,02	1,5
An Laitvia	0,5	0,34	14,8	0,02	4,1
Málta	0,4	0,56	14,6	0,04	8,4
An	11,2	0,55	13,6	0,80	7,2
An	6,2	0,46	14,7	0,42	6,8
An Rómáin	3,0	2,27	14,6	0,85	28,4
An	1,1	0,23	14,8	0,05	4,3
An tSlóvaic	0,6	0,09	14,9	0,01	1,3
An	1,0	1,76	15,0	0,18	18,3
Éire	2,5	0,11	14,7	0,05	2,1
An	4,5	0,23	10,1	0,04	1,9
An	0,2	0,00	15,0	0,00	0,0
Iomlán	**98,4**	**0,67**	**14,5**	**9,03**	**9,42**

Tabhair faoi deara: Déantar coigilteas úis a ríomh in aghaidh an bhanna agus a shuimiú ar fud dátaí eisiúna agus aibíochtaí.

** Níor eisigh an Ungáir ach dhá bhanna 10 mbliana agus 30 bliain a ainmnítear in euro ó 2020, agus an dá cheann i Samhain 2020. Agus úsáid á baint as an dá bhanna sin, bhí an raon difríochta idir an cuar toraidh san airgeadra náisiúnta agus in euro eachtarshuite ag aibíochtaí agus dátaí eisiúna eile.*

*** Sonraí maidir le heisiúintí bannaí a ainmnítear in euro sa tSeicia in 2022, ní raibh siad ar fáil. Tá coigilteas úis na Seicia bunaithe ar an gcéad eisíocaíocht de EUR 2 bhilliún leis an tSeicia in 2021, agus uirthi sin amháin.*

**** Níor eisigh an Eastóin ach banna 10 mbliana gan íoc amháin, ní raibh aon sonra ar fáil le haghaidh aibíochtaí eile. An raon difríochta le banna sóisialta SURE ón Aontas ag na haibíochtaí eile sin, glactar leis go bhfuil sé gar do nialas.*

IV. FAISNÉIS MAIDIR LE CÓRAIS NÁISIÚNTA RIALAITHE AGUS INIÚCHTA

4.1. An dara ceistneoir maidir le córais náisiúnta de rialuithe ex ante agus ex post lena n-áirítear iniúchtaí

Rinne an Coimisiún an chéad cheistneoir maidir le rialú agus iniúchadh náisiúnta go luath in 2022 chun tuiscint a fháil ar conas a urramaíonn na Ballstáit a n-oibleagáidí faoin gComhaontú Iasachta. Tuairiscíodh na torthaí sin sa tríú tuarascáil leathbhliantúil ar SURE[57]. Ba iad na príomhthorthaí a bhí ann gurb amhlaidh i mbeagnach na Ballstáit uile go raibh na hinstitiúidí a dhéanann rialú agus iniúchadh ar na bearta lena dtacaítear le SURE i bhfeidhm cheana roimh phaindéim COVID-19. Rinne na Ballstáit uile rialuithe ar bhearta lena dtacaítear le SURE agus sheiceáil siad gur comhlíonadh critéir incháilitheachta. Sna Ballstáit uile seachas ceann amháin, le rialuithe agus iniúchtaí braitheadh cásanna neamhrialtachtaí nó calaoise. Sna cásanna sin uile, rinneadh imscrúduithe. I gcás neamhrialtachtaí nó calaois dheimhnithe, ghnóthaigh na Ballstáit uile cistí nár úsáideadh go cuí nó tá cistí nár úsáideadh go cuí á ngnóthú acu agus sin i dteannta caingean dlí nó ina héagmais.

Ba é ba chuspóir leis an gceistneoir leantach tuilleadh faisnéise a fháil maidir le conas a chomhlíonann na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe íosta, go háirithe maidir le rialuithe

[57] Sa tríú tuarascáil leathbhliantúil, mheabhraigh an Coimisiún freisin na hoibleagáidí tuairiscithe ar rialú agus iniúchadh de chuid an Choimisiúin mar iasachtóir agus an Bhallstáit, mar iasachtaí.

ex post lena n-áirítear iniúchadh. Leis an gcéad cheistneoir léiríodh go raibh gá le tuilleadh míniúcháin ó na Ballstáit maidir le rialuithe ex post a bheith ann agus lena raon feidhme, lena n-áirítear iniúchadh. Ar mhaithe le soiléireacht, leis an gceistneoir leantach a rinneadh go luath in 2023 déantar idirdhealú idir rialuithe ex ante (sula scaoiltear na cistí) agus rialuithe ex post lena n-áirítear iniúchtaí (tar éis scaoileadh na gcistí).[58] Bhí sé d'aidhm aige an fhaisnéis maidir le rialuithe ex ante a thabhairt cothrom le dáta agus míniú breise a thabhairt maidir le rialuithe ex post a bheith ann agus a raon feidhme, lena n-áirítear iniúchtaí.

Bhí sé ina sprioc bhreise faisnéis a bhailiú lena gcuideofar leis an gCoimisiún moladh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur chun feidhme. In 2022, rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh ar fheidhmíocht SURE agus d'eisigh sí moladh amháin, lena n-áirítear maidir le hiniúchadh agus rialú[59]. Tá an ceistneoir leantach ina chéad chéim i dtreo an moladh a chur chun feidhme. Leis sin bailítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas: (i) an riosca a bhaineann le neamhrialtachtaí nó calaois maidir le bearta lena dtacaítear le SURE bunaithe ar bhraistint nó measúnú ó na Ballstáit; (ii) raon feidhme rialuithe ex ante agus ex post le haghaidh bearta a measúnaíodh go bhfuil an riosca is airde neamhrialtachtaí nó calaoise ag baint leo; agus (iii) tarlú neamhrialtachtaí nó calaoise.

Tá torthaí an chéad cheistneora agus an cheistneora leantaigh comhsheasmhach agus deimhnítear leo gur urramaigh na Ballstáit a n-oibleagáidí dlíthiúla faoina gcomhaontuithe iasachta[60]. Le torthaí comhdhlúite an dá cheistneoir a rinneadh go luath in 2022 agus 2023 léirítear gur thuairiscigh na Ballstáit uile gur rialaigh siad na bearta uile lena dtacaítear le SURE, lena n-áirítear iad sin ag an riosca is airde neamhrialtachtaí nó calaoise, ex ante nó ex post (nó iad araon), i gcomhréir lena n-oibleagáidí dlíthiúla. I gcás neamhrialtachtaí nó calaois dheimhnithe, ghnóthaigh na Ballstáit uile cistí nár úsáideadh go cuí nó tá cistí nár úsáideadh go cuí á ngnóthú acu agus sin i dteannta caingean dlí nó ina héagmais. Ina theannta sin, i gcás calaoise, rinne na Ballstáit uile bearta sa bhreis orthu sin chun cistí nár úsáideadh go cuí a ghnóthú amhail imscrúduithe coiriúla a sheoladh.

---

[58] Is éard is rialuithe ex ante ann na rialuithe sin a dhéantar *sula* scaoiltear cistí. Is iondúil gurb iad na comhlachtaí cur chun feidhme a dhéanann iad, e.g. comhlachtaí a sholáthraíonn na cistí do na faighteoirí deiridh. Is éard is rialuithe ex post ann, lena n-áirítear iniúchtaí na rialuithe sin a dhéantar *tar éis* scaoileadh na gcistí. Is féidir a bheith ar áireamh iontu rialuithe agus iniúchtaí arna ndéanamh ag ranna nach bhfuil fo-ordaithe maidir leis na ranna cur chun feidhme laistigh de na comhlachtaí cur chun feidhme (e.g. iniúchadh inmheánach laistigh de na haireachtaí), ach freisin iniúchtaí arna ndéanamh ag comhlacht neamhspleách maidir leis na comhlachtaí cur chun feidhme (e.g. comhlacht iniúchóireachta nó Uasfhoras Iniúchóireachta).

[59] Molann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar eispéireas SURE, lena n-áirítear cé acu a bhí nó nach raibh creat SURE éifeachtach chun an riosca a bhaineann le neamhrialtachtaí nó calaois a íoslaghdú, i bhfianaise na gcásanna arna dtuairisciú ag na Ballstáit. Féach Tuarascáil Speisialta 28/2022 maidir le Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE).


[60] De réir Airteagal 13(1) de Rialachán SURE agus Airteagal 220(5) den Rialachán Airgeadais agus go sonrach, faoin gComhaontú Iasachta, ba cheart do gach Ballstát a thairbhíonn de SURE seiceáil a dhéanamh go tráthrialta go n-úsáidtear méideanna a fhaightear ar iasacht faoin tSaoráid i gcomhréir le Rialachán SURE, leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus leis an gComhaontú Iasachta agus a áirithiú go mbeidh bearta iomchuí i bhfeidhm chun neamhrialtachtaí nó calaois a chosc. I gcás ina n-úsáidtear na méideanna a fuarthas ar iasacht go neamhrialta nó go míchuí, ba cheart do na Ballstáit imeachtaí a thionscnamh chun na méideanna sin a ghnóthú. Comhlánaítear an méid sin leis an oibleagáid ar an mBallstát imscrúdú a dhéanamh ar chásanna calaoise, éillitheachta nó aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí atá díobhálach do leasanna airgeadais an Aontais, i ndáil leis an iasacht a bhainistiú.

Soláthraítear sa Roinn seo achoimre ar na torthaí arna dtuairisciú ag na Ballstáit sa cheistneoir leantach. Go sonrach, le Roinn 4.2 tuairiscítear ar an riosca a bhaineann le calaois nó neamhrialtachtaí le haghaidh bearta lena dtacaítear le SURE, lena n-áirítear a thiomántóirí. Le Roinn 4.3 cumhdaítear raon feidhme rialuithe ex ante agus ex post agus soláthraítear samplaí de rialuithe. Le Roinn 4.4 dírítear ar bhearta lena dtacaítear le SURE ag an riosca is airde calaoise nó neamhrialtachtaí agus tuairiscítear ar a rialuithe. Ar deireadh, le Roinn 4.5 soláthraítear faisnéis maidir le tarlú neamhrialtachtaí nó calaoise, rátaí aisghabhála agus bearta eile arna ndéanamh mar fhreagairt ar neamhrialtachtaí nó calaois.

4.2. An méid riosca a bhaineann le bearta lena dtacaítear le SURE ó thaobh neamhrialtachtaí nó calaoise

Ní mheasann aon Bhallstát go bhfuil ardriosca neamhrialtachtaí ná calaoise ag baint le bearta lena dtacaítear le SURE (Graf 25). Measann dhá Bhallstát déag go bhfuil ísealriosca ag baint leis na bearta uile lena dtacaítear le SURE agus measann ceithre Bhallstát go bhfuil meánriosca ag baint leo cé go measann trí Bhallstát go bhfuil ísealriosca ag baint le bearta áirithe agus go bhfuil meánriosca ag baint leis na bearta eile. Thuairiscigh Ballstáit éagsúla nár aimsíodh lena rialuithe ex post, lena n-áirítear iniúchadh, scála suntasach de neamhrialtachtaí ná calaois. Deimhníodh an méid sin freisin le staidéar eimpíreach ar an scéim oibre gearr-ama de chuid na hIodáile (*Cassa Integrazione Guadagni – CIG*) sa Bhallstát is tairbhí is mó.

Graf 25: An measúnú riosca ar bhearta lena dtacaítear le SURE (an líon Ballstát)



Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*

Ísealriosca neamhrialtachtaí nó calaoise – arna thuairisciú ag formhór mór na mBallstát – is minic a mhínítear sin le coinníollacha incháilitheachta atá sainithe go dleathach agus go soiléir agus a rialaíodh ex ante. Thuairiscigh Ballstáit éagsúla maidir le cur chun feidhme rialuithe ex ante uathoibríocha, amhail an chomhsheasmhacht a chros-seiceáil idir na sonraí arna ndearbhú ag na hiarratasóirí agus na sonraí i gcláir riaracháin nó slándála sóisialta éagsúla, go raibh an méid sin ina chuidiú chun íocaíochtaí sochar neamhdhlite a sheachaint, agus rioscaí neamhrialtachta nó calaoise á laghdú leis sin. Mheas Ballstáit áirithe go raibh ísealriosca neamhrialtachtaí nó calaoise ag baint le bearta lena dtacaítear le SURE trí dhearadh toisc gur ríomhadh an tacaíocht agus úsáid á baint as an bhfaisnéis a bhí ar fáil cheana i mbunachair sonraí riaracháin, lena n-áirítear roimh phaindéim COVID-19. I gcás bearta a bhaineann le sláinte, tuairiscítear go mínítear ísealriosca neamhrialtachtaí nó calaoise le critéir soláthair shoiléire.

Déantar meánriosca neamhrialtachtaí nó calaoise a thuairisciú i gcúpla Ballstát ina raibh rialuithe ex ante teoranta. B'amhlaidh an cás go háirithe i dtús na paindéime nuair a tháinig borradh ar an líon iarratasóirí i dtréimhse ghairid cé gur ghá tacaíocht a sholáthar dóibh a luaithe is féidir. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe ní fhéadfaí critéir incháilitheachta a fhíorú ex ante ós rud é nach raibh na sonraí (e.g. méid na titime san ioncam) ar fáil fós. Sna cásanna sin, bhí eisíocaíochtaí bunaithe ar an dearbhú onóra arna sholáthar ag iarratasóirí inar mhaígh siad gur chomhlíon siad na coinníollacha incháilitheachta uile. Chuir na Ballstáit rialuithe ex post i bhfeidhm chun cruinneas fhéinmheasúnú na n-iarratasóirí a fhíorú agus – tar éis rabharta tosaigh na n-iarratas – neartaigh siad a rialuithe ex ante freisin de réir a chéile.

4.3. Raon feidhme agus cineál rialuithe ex ante agus rialuithe ex post lena n-áirítear iniúchtaí


Thuairiscigh beagnach na Ballstáit uile gur rialaigh siad ex ante na bearta *uile* lena dtacaítear le SURE (Graf 26). Thuairiscigh trí Bhallstát is tairbhithe nár rialaigh siad cuid dá mbearta ex ante ar chúiseanna éagsúla amhail líon an-ard iarratasóirí agus acmhainneacht institiúideach theoranta chun iarratais a phróiseáil i dtréimhse ghearr. Tuairiscíodh freisin nach raibh gá le rialuithe ex ante i gcásanna áirithe ós rud é gur ríomh na húdaráis féin na sochair bunaithe ar shonraí roimhe sin ó na tairbhithe. Chúitigh na Ballstáit an easpa rialuithe ex ante le rialuithe ex post.

Ar na samplaí de rialuithe ex ante áirítear[61]:

- Cláir riaracháin/slándála sóisialta a sheiceáil chun stádas an fhostóra a fhíorú (cé acu a oibríonn nó nach n-oibríonn an fostóir laistigh de ghníomhaíocht eacnamaíoch incháilithe, dáta clárúcháin na gníomhaíochta, faisnéis maidir le láimhdeachas), stádas an duine (amhail cé acu is fostaí nó nach fostaí an duine, cé acu atá nó nach bhfuil an conradh curtha ar fionraí, cé acu a laghdaítear nó nach laghdaítear na huaireanta oibre, cé acu atá nó nach bhfuil sochair eile á bhfáil ag an duine), na méideanna a iarradh, aois an linbh (i gcás sochair saoire tuismitheora), cé acu a socraíodh nó nár socraíodh dliteanais chánach.
- I gcás saoire bhreoiteachta, tuairiscíodh gur ceanglaíodh deimhniú éagumais chun oibre arna eisiúint ag dochtúir ginearálta sular íocadh na sochair.
- I gcás bearta a bhaineann le sláinte, tuairiscíodh gurbh éigean don bhord bainistíochta agus don soláthraí árachais sláinte formheas a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na huaireanta breise agus leis an tuarastal níos airde le haghaidh an phearsanra leighis a chumhdach.


[61] Na hinstitiúidí atá i gceannas ar rialuithe ex ante faoi SURE mínítear iad sa tríú tuarascáil leathbhliantúil ar SURE.

Graf 26: Rialuithe ex ante a bheith ann le haghaidh na mbeart *uile* lena dtacaítear le SURE (an líon Ballstát)



Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*

Graf 27: Raon feidhme na rialuithe ex post, lena n-áirítear iniúchadh (an líon Ballstát)



Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*

Thuairiscigh níos mó ná leath na mBallstát gur rialaigh siad ex post na bearta uile nó formhór na mbeart lena dtacaítear le SURE agus níl rialuithe ex post breise pleanáilte acu den chuid is mó (Graf 27(i)). Thuairiscigh cúig Bhallstát bhreise gur rialaigh siad an beart is airde, nó an beart lenar bhain an riosca is airde calaoise agus neamhrialtachta, nó iad araon, agus tuilleadh rialuithe ex post fós á bpleanáil acu (Graf 27(ii-iv)). Rialaigh dhá Bhallstát beart ex post amháin ar a laghad lena dtacaítear le SURE agus tá rialuithe ex post breise, lena n-áirítear iniúchadh, á bpleanáil acu in 2023. Tá sé pleanáilte ag an aon Bhallstát amháin atá fágtha iniúchadh a dhéanamh ar na bearta uile lena dtacaítear le SURE sa chéad leath de 2023 (Graf 27(v)).

Ar na samplaí de rialuithe ex post áirítear[62]:

- Iniúchadh ar chaiteachas ar bhearta lena dtacaítear le SURE arna dhéanamh ag comhlacht iniúchóireachta neamhspleách mar chuid d'fhorghníomhú an bhuiséid. Mar shampla, sheiceáil comhlacht iniúchóireachta neamhspleách cé acu a bhí nó nach raibh na sochair reachtúla sannta i gceart agus íoctha leis na tairbhithe.
- Seiceálacha airgeadais ar láimhdeachas/ioncam na dtairbhithe chun measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht agus méid ceart íocaíochtaí, rialuithe gur íoc fostóirí an méid iomlán pá le fostaithe agus nár fhoirceann siad a bhfostaíocht (mar shampla le linn na tréimhse ar

[62] Na hinstitiúidí atá i gceannas ar rialuithe ex post faoi SURE mínítear iad sa tríú tuarascáil leathbhliantúil maidir le SURE. Comhordú idir institiúidí éagsúla (e.g. oifigí lárnacha, réigiúnacha agus forimeallacha) tuairiscíodh go raibh sé tábhachtach chun cásanna neamhrialtachtaí amhrasta nó deimhnithe a shainaithint.

lena haghaidh a íoctar cúiteamh), rialuithe ionas nach bhfaigheadh na tairbhithe tacaíocht ó fhoinsí neamhréireacha eile (e.g. sochair dhífhostaíochta), rialuithe ó aireachtaí go raibh caiteachas oifigí saothair áitiúla ceart.

- Le haghaidh bearta a bhaineann le sláinte, tuairiscíodh go ndearnadh iniúchadh ar sholáthar poiblí chomh maith leis an gciste árachais sláinte lenar soláthraíodh tacaíocht d'ospidéil chun na costais a bhaineann le gá breise le foireann a chumhdach.

Is minic a bhí rialuithe ex post bunaithe ar riosca agus a rinneadh iad ar shampla tairbhithe. Go sonrach, le rialuithe ex post díríodh ar thairbhithe ar lena n-aghaidh a sainaithníodh an riosca is mó mí-úsáide ar na cistí a soláthraíodh. Mar shampla, tuairiscíodh go mbeadh rialuithe ex post dírithe ar chuideachtaí e.g. (i) a d'fhostaigh daoine nua nó ag a raibh céatadán ard daoine ar a raibh cúraimí a bhí oiriúnach do theilea-obair agus úsáid á baint as sochair faoi scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla (ii) a athghníomhachtaíodh nó a cuireadh ar bun le déanaí agus a scoir ansin de bheith ag oibriú a luaithe a scoireadh den tacaíocht (iii) a d'oiriúnaigh a stádas dlíthiúil nó conradh fostaíochta fostaithe chun teacht chun bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta (iv) a bhí faoi réir neamhrialtachtaí nó calaoise cheana san am a chuaigh thart. I gcásanna áirithe, rinneadh measúnú ar riosca bunaithe ar an toradh ar rialuithe ex post ar chaiteachas comhchosúil (e.g. a chistítear le Ciste Sóisialta na hEorpa). Tuairiscíodh freisin go raibh rialuithe ex post randamach nó gur bhain siad leis na tairbhithe *uile*, ar feadh tréimhse roghnaithe, agus sin an méid, áfach (e.g. cúpla mí).

Thuairiscigh na Ballstáit uile gur rialaigh siad bearta lena dtacaítear le SURE ex ante nó ex post (nó iad araon). Na bearta nár rialaíodh ex ante rialaíodh ex post iad chun úsáid chuí beart lena dtacaítear le SURE a áirithiú.[63]


4.4. Rialuithe ar bhearta ag an riosca is airde neamhrialtachtaí nó calaoise

Ní fhéadfadh formhór na mBallstát bearta lena dtacaítear le SURE a shainaithint ag an riosca is airde neamhrialtachtaí ná calaoise (Graf 28). Is é is príomhchúis leis sin go meastar go bhfuil ílsealriosca neamhrialtachtaí nó calaoise ag baint le bearta lena dtacaítear le SURE. Shainaithin ceithre Bhallstát go raibh an riosca is airde neamhrialtachtaí nó calaoise ag baint leis na bearta lenar soláthraíodh tacaíodh do dhaoine féinfhostaithe de dheasca rialuithe ex ante teoranta (mar iarracht chun an tacaíocht a sholáthar a luaithe is féidir) nó de dheasca gur aimsíodh neamhrialtachtaí ex post.


Graf 28: Bearta lena dtacaítear le SURE lenar bhain an riosca is airde neamhrialtachtaí nó calaoise (an líon Ballstát)

Graf 29: Gníomhaíocht a rinneadh nó a phleanáiltear le haghaidh bearta lena dtacaítear le SURE lenar bhain an riosca is airde neamhrialtachtaí nó calaoise, nach ndearnadh rialú ex post orthu (an líon Ballstát)

[63] Níor sholáthair Ballstát amháin ach faisnéis maidir le rialú agus iniúchadh a dhéanamh ar bhearta maidir leis an margadh saothair.



Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*



Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*

Na Ballstáit sin a shainaithin bearta lena dtacaítear le SURE lenar bhain an riosca is airde neamhrialtachtaí agus calaoise, rinne siad beart chun úsáid chuí cistí a áirithiú. Go sonrach, na Ballstáit sin uile (naoi gcinn) a shainaithin bearta lena dtacaítear le SURE lenar bhain an riosca is airde neamhrialtachtaí agus calaoise, rinne siad rialú ex ante ar na bearta sin[64]. Ina theannta sin, thuairiscigh cúig Bhallstát freisin go ndearna siad rialú ex post orthu (Graf 28). Na ceithre Bhallstát nach ndearna rialú ex post ar na bearta sin thuairiscigh siad go bhfuil rialuithe ex post fós pleanáilte acu nó gur féidir a bheith ag brath go mór ar an bhfíoras, a bhuí le rialuithe ex ante, gur úsáideadh an caiteachas go cuí (Graf 29).

4.5. Tarlú neamhrialtachtaí nó calaoise agus bearta feabhais

Na méideanna atá le gnóthú – mar ionadú le haghaidh tarlú neamhrialtachtaí nó calaoise – le haghaidh an bhirt is mó lena dtacaítear le SURE, bhí siad faoi bhun 2 % den chaiteachas iomlán i bhformhór na gcásanna (Graf 30). Mar sin féin, is sonraí táscacha amháin iad na sonraí sin agus níl siad inchomparáide ar fud tíortha de dheasca bearta ilchineálacha.[65] Chuir Ballstáit áirithe in iúl go n-áirítear leis na méideanna atá le gnóthú fíneálacha a fhorchuirtear de dheasca calaoise.

Go dtí seo, ghnóthaigh 11 Bhallstát as 15 mBallstát níos mó ná 75 % den mhéid iomlán a bhí dlite (Graf 31). I mBallstáit áirithe, bheadh an ráta aisghabhála níos airde dá mba rud é, mar shampla, a rinneadh réitigh lasmuigh den chúirt lena ndéantar foráil maidir le haisíocaíocht i dtráthchodanna (amach anseo) a mheas freisin.


Cé gur bhraith na Ballstáit uile neamhrialtachtaí, bhraith thart ar dhá thrian de na Ballstáit calaois freisin. I gcás calaoise, rinne na Ballstáit uile bearta i dteannta na mbeart sin chun cistí nár úsáideadh go cuí a ghnóthú amhail fógra a thabhairt do na comhlachtaí imscrúdaithe ábhartha agus na nósanna imeachta ábhartha um fhorfheidhmiú an dlí a dhéanamh.

[64] Shainaithin dhá Bhallstát an beart lena dtacaítear le SURE lenar bhain an riosca is airde neamhrialtachtaí agus calaoise bunaithe ar a mhéid seachas ar riosca.

[65] Mar shampla, thuairiscigh an tSlóivéin gurb amhlaidh i gcás a birt is mó (‘ag feitheamh le hobair’, ar scéim oibre gearr-ama é), a deonaíodh an tacaíocht in 2020 ar bhonn measúnú suibiachtúil an iarratasóra ar an titim lena raibh coinne in ioncam in 2020. I bhfianaise éiginnteacht sa gheilleagar ba dheacair an titim bheacht in ioncam a thuar, dá bhrí sin, bhain formhór na neamhrialtachtaí le haghaidh an bhirt sin le comhlíonadh (nó neamhchomhlíonadh) an choinníll incháilitheachta ex post. Leis sin mínítear freisin tarlú réasúnta ard neamhrialtachtaí nó calaoise (10 % i nGraf 30).


Thuairiscigh Ballstáit áirithe go ndearna siad gníomhaíocht choisctheach mar fhreagairt ar chalaois nó neamhrialtachtaí amhail córas Faisnéise Gnó nua a thógáil chun rioscaí calaoise a thuar agus brath coisctheach a optamú nó liosta a chruthú de na heintitis nár chomhlíon na coinníollacha incháilitheachta chun cosc a chur orthu iarratas (rathúil) a dhéanamh arís.

Graf 30: Tarlú neamhrialtachtaí nó calaoise le haghaidh an bhirt is mó lena dtacaítear le SURE (mar % den chaiteachas iomlán)



Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát agus ríomhanna dílse*
Tabhair faoi deara: Ríomhtar tarlú neamhrialtachtaí nó calaoise mar an méid atá le gnóthú i leith an chaiteachais iomláin le haghaidh an bhirt is mó lena dtacaítear le SURE i ngach Ballstát. Is sonraí táscacha amháin iad na sonraí agus níl siad inchomparáide ar fud tíortha de dheasca bearta ilchineálacha (féach fonóta 64). Tuairiscítear an ráta tarlaithe le haghaidh na mbeart uile i gcás na Cróite agus na Cipire agus le haghaidh an dara beart is mó i gcás na Seicia. Sna cásanna sin, ríomhtar an ráta tarlaithe i leith an chaiteachais iomláin le haghaidh na mbeart uile nó an dara beart is mó, mar is infheidhme. Le haghaidh na Bulgáire, ríomhtar an tarlú bunaithe ar an méid a gnóthaíodh seachas an méid atá le gnóthú. Níor sholáthair an Ghréig, an Pholainn ná an Phortaingéil faisnéis ach oiread maidir leis an méid atá le gnóthú ná leis an méid a gnóthaíodh.

Graf 31: Rátaí aisghabhála le haghaidh an bhirt is mó lena dtacaítear le SURE (méideanna a gnóthaíodh mar % den mhéid iomlán atá le gnóthú)



Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*
Tabhair faoi deara: Tuairiscítear an ráta aisghabhála le haghaidh na mbeart uile i gcás na Cróite agus na Cipire agus le haghaidh an dara beart is mó i gcás na Seicia. Níor sholáthair an Bhulgáir, an Ghréig ná an Pholainn na rátaí aisghabhála.

V. LEANÚINT NA DTARLUITHE EISCEACHTÚLA LENA DTUGTAR ÚDAR LE CUR I BHFEIDHM RIALACHÁN SURE

Ghabh éifeacht le clásal éagtha ionstraim SURE an 1 Eanáir 2023. Ceanglaíodh ar an gCoimisiún tuairisciú ar leanúint na dtarluithe eisceachtúla lenar tugadh údar le cur i bhfeidhm Rialachán SURE fad a bhí an Ionstraim gníomhach.[66] An ceathrú tuarascáil leathbhliantúil i Meán Fómhair 2022 ní raibh togra chun síneadh a chur leis an Ionstraim ag gabháil léi: aithníodh léi go raibh formhór na srianta a bhaineann le COVID-19 céimnithe amach de réir mar a chuaigh bagairt eipidéimeolaíochta an víris i léig. Ós rud é nárbh ann do na tarluithe eisceachtúla sin a thuilleadh, scoir cúnamh airgeadais faoin Ionstraim de bheith ar fáil an 31 Nollaig 2022. Leis an Roinn seo déantar scrúdú ar cé acu atá nó nach bhfuil an measúnú sin fós bailí.

Bhí bearta éigeandála COVID-19 céimnithe amach ina n-iomláine beagnach faoi dheireadh an tsamhraidh 2022. Cé gurb amhlaidh a bhí buaic á baint amach ag an athraitheach Omicron gach 2-3 mhí agus ráigeanna ionfhabhtaithe tréimhsiúla le brath, lean tionchar eipidéimeolaíochta agus eacnamaíoch COVID-19 de bheith ag meath ar an bhforiomlán. De réir an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú, bhí treocht anuas ann go ginearálta ag buaicphointí na gcásanna, na n-ospidéaluithe, an chuir san aonad dianchúraim agus na mbásanna a tuairiscíodh le 12 mhí anuas[67]. Níor ghá do na Ballstáit bearta imshrianta ná bearta tacaíochta eacnamaíocha a thabhairt isteach an athuair, rud a d'fhág gurbh fhéidir leanúint de chaiteachas a bhaineann le COVID-19 a chéimniú amach. Ón 7 Bealtaine 2023, bhí laghdú ag teacht ar tháscairí uile COVID-19 san Aontas/in LEE nó bhí siad cobhsaí, agus sa bheagán Ballstát inar méadaíodh táscairí áirithe, lean na luachanna de bheith réasúnta íseal[68]. An 5 Bealtaine 2023, rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte COVID-19 a athaicmiú mar shaincheist sláinte bhunaithe agus leanúnach seachas mar éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní í ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Deimhnítear leis sin an measúnú roimhe sin ón gCoimisiún nach ann a thuilleadh do na tarluithe eisceachtúla lena dtugtar údar le SURE. Léirítear an staid eipidéimeolaíochta chobhsaí freisin i gcaiteachas na mBallstát ar bhearta atá incháilithe le haghaidh SURE, rud nach raibh cothrom ach le EUR 66 mhilliún san iomlán faoi Nollaig 2022, i gcomparáid le EUR 1,3 billiún in Eanáir 2022. B'ionstraim éigeandála shealadach é SURE, agus ós rud é go bhfuil céim éigeandála na paindéime thart, tá deireadh tagtha leis freisin.

VI. OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE FAOI CHREAT BANNAÍ SÓISIALTA SURE ÓN AONTAS

Leis an tuarascáil seo téitear níos faide ná oibleagáid tuairiscithe Rialachán SURE, agus comhlíontar léi freisin an ceanglas tuairiscithe faoi Chreat Bannaí Sóisialta SURE ón

[66] Airteagal 14(1) de Rialachán SURE. De réir Airt. 12(3) de Rialachán SURE, tiocfaidh deireadh an 31 Nollaig 2022 le tréimhse infhaighteachta na hIonstraime ar lena linn is féidir Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a ghlacadh. De réir Airt. 12(4), i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid ina thuarascáil ar an gcur chun feidhme go leanann an suaitheadh eacnamaíoch géar a cruthaíodh le ráig COVID-19 agus lena ndéantar difear do mhaoiniú beart incháilithe de bheith ann, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh síneadh a chur le tréimhse infhaighteachta na hIonstraime, ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí gach tráth.

[67] https://www.ecdc.europa.eu/en/covid-19/country-overviews

[68] Ibid.


Aontas[69]. Leis an gCreat sin ceanglaítear tuairisciú a dhéanamh ar leithdháileadh fháltais SURE, ar chineál caiteachais agus tionchar SURE.

An miondealú ar fháltais SURE de réir an Bhallstáit is tairbhí agus an chineáil Caiteachais Shóisialta Incháilithe, soláthraítear é i Ranna 1.1 agus 3.2, faoi seach. Faoi Nollaig 2022, bhí an méid iomlán de EUR 98,4 billiún a leithdháileadh eisíoctha le 19 mBallstát agus bhí an cúnamh airgeadais sin uile caite ag na Ballstáit.

Leanann caiteachas poiblí SURE de bheith dea-ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe. Le miondealú ar chaiteachas poiblí a mhaoinítear le SURE de réir caiteachas sóisialta incháilithe, mar a leagtar amach sa Chreat Bannaí Sóisialta, léirítear go gcaitear 95 % ar laghdú a dhéanamh ar an riosca dífhostaíochta agus caillteanais ioncaim. Mar a léirítear i nGraf 32, leis sin tacaítear le SDG 8 (Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch). Caitear an 5 % atá fágtha ar bhearta a bhaineann le sláinte, lena dtacaítear le SDG 3 (Sláinte Mhaith agus Dea-bhail).

Tuairiscítear ar thionchar SURE i Ranna 2.4 agus 3. Soláthraítear meastacháin ar an líon daoine agus gnólachtaí lena dtacaítear le SURE le haghaidh na mblianta 2020, 2021 agus 2022 uile. Le SURE rannchuidíodh le líon measta 1,5 milliún post a sábháladh in 2020 a chosaint, mar a léirítear i Roinn 3.1. Léiríodh go raibh SURE ina thaca leis an athbhorradh fáis in 2021 agus 2022, mar a léirítear i Roinn 3.2. Meastar anois gur shábháil na Ballstáit EUR 9 mbilliún in íocaíochtaí úis, mar a léirítear i Roinn 3.3.

Graf 32: An Creat Bannaí Sóisialta agus mapáil SDG



Foinse: *Tuairisciú na mBallstát (Feabhra 2023).*

VII. BREITHNITHE CRÍOCHNAITHEACHA MAIDIR LE BREISLUACH SURE AG BREATHNÚ SIAR

[69] Le Creat Bannaí Sóisialta SURE ón Aontas sainítear caighdeán, lena soláthraítear dearbhuithe d'infheisteoirí go mbaineann na bannaí ón Aontas a eisítear laistigh den chreat sin le tionscadail lena bhfreastalaítear ar fhíorchuspóir sóisialta. Dá bhrí sin, tá an creat i gcomhréir le Prionsabail Bannaí Sóisialta ICMA, is é sin (i) úsáid fáltas; (ii) an próiseas maidir le meastóireacht agus roghnúchán tionscadail; (iii) bainistíocht fáltas agus (iv) tuairisciú. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach: eu_sure_social_bond_framework.pdf (europa.eu)

Leis an Roinn seo pléitear trí mhórcheacht beartais is féidir a tharraingt ó rath SURE. Leis an réamh-mheasúnú sa tuarascáil seo léirítear go raibh SURE rathúil ar an bhforiomlán[70]. Thairis sin, i Meitheamh 2021, bhuaigh SURE Gradam an Ombudsman Eorpaigh 2021 le haghaidh Dea-Riaracháin sa chatagóir soláthair seirbhíse dírithe ar an saoránach. Déantar trí phríomhcheacht is féidir a fhoghlaim ó SURE a phlé anseo ach déanfar tuilleadh measúnaithe orthu sa mheastóireacht ar SURE, rud a d'fhógair an Coimisiún a fhoilseoidh sé faoi R3 2024.

Ar an gcéad dul síos, bhí SURE ina fhreagairt ar ghá éigeandála sonrach a tháinig chun cinn i gcomhthéacs na paindéime agus ba de chineál sóisialta agus eacnamaíoch é. Agus éiginnteacht ann i dtús na paindéime, bhí sé ríthábhachtach go ndéanfadh lucht ceaptha beartas bearta coincréiteacha chun díobháil shóisialta agus eacnamaíoch fhadtéarmach de dheasca suaitheadh a sheachaint, a raibh cúiseanna láidre ann go bhféadfaí glacadh leis (mar ba cheart, mar a tharla) gur de chineál sealadach é. Chuige sin, le SURE freastalaíodh ar chuspóir soiléir agus dea-shainithe, agus freagairt á tabhairt do riachtanas sonrach agus práinneach arna shainaithint ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún araon. Bhí sé de chuspóir aige sin oibrithe a choinneáil i bhfostaíocht chun a n-ioncam a chosaint agus iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta diúltacha na paindéime a mhaolú. Bhí sé ina fhreagairt go háirithe ar an stad le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nasctha leis na dianghlasálacha agus leis na bearta imshrianta a tugadh isteach ar fud an Aontais chun an staid eipidéimeolaíochta ghéar a chloí, luas na tógála a laghdú agus beathaí a chosaint. Cuireadh cineál sóisialta na sprice sin i dtábhacht freisin le heisiúint bannaí sóisialta ón Aontas den chéad uair, agus is léir go raibh éileamh ag infheisteoirí air sin freisin.

Bhí raon feidhme SURE éifeachtach go háirithe ós rud é nach raibh sé bunaithe ar shainiú institiúideach docht, ach bhí sé bunaithe ar chuspóir, i.e. tacú le coinneáil poist. Ní raibh SURE teoranta do chineál cúng ionstraime nach raibh inti ach bealach chun sprioc a bhaint amach. Bhí sé dírithe go príomha ar scéimeanna oibre gearr-ama (agus bearta comhchosúla le haghaidh daoine féinfhostaithe) mar an beart margaidh saothair ab éifeachtúla le cur chun feidhme le linn dúnadh rialáilte ar an ngeilleagar (i.e. dianghlasáil COVID-19)[71]. Leis sin tugadh treoir bheartais shoiléir do na Ballstáit freisin le linn na géarchéime. An tráth céanna, bhí sé de phríomhchuspóir ag SURE saoirse oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit chun a bhfreagairt margaidh saothair a shaincheapadh dá riachtanais os comhair imthosca gan fasach agus drámata. Ar an gcúis sin, le SURE cumhdaíodh réimse beart lena gcomhlíontar an cuspóir céanna le scéimeanna oibre gearr-ama, is é sin poist a choinneáil i ngnólachtaí, agus cosaint ioncaim á soláthar d'oibrithe le linn na paindéime. Ar na bearta sin áiríodh tacaíocht le haghaidh oibrithe féinfhostaithe agus scéimeanna fóirdheontais pá (i gcás nach ndeonaítear tacaíocht ar bhonn uaireanta nár oibríodh, ach ina ionad sin mar chnapshuim nó sciar den phárolla). Ar na bearta eile áiríodh laghduithe éagsúla ar chostais saothair indírigh (a bhaineann le coinneáil poist), sochair saoire breoiteachta agus saoire speisialta, agus bearta sonracha eile chun gníomhaíocht oibrithe neamhthipiciúla a leathnú (amhail oibrithe eadrannacha nó séasúracha).

[70] Déantar na breithnithe a phléitear sa Roinn seo a tharraingt ón gCoimisiún Eorpach (2022), Quarterly Report on the Euro Area [An Tuarascáil Ráithiúil ar an Limistéar Euro], Roinn III, Iml. 21, Uimh. 2.

[71] Bhí aitheantas ar an éifeacht ar leith a bhaineann le scéimeanna oibre gearr-ama á thabhairt freisin ag an saol acadúil i gcéimeanna luatha na paindéime, e.g. Laudais agus Giupponi in VoxEU, Aibreán 2020: https://cepr.org/voxeu/columns/building-effective-short-time-work-schemes-covid-19-crisis.

Ar an dara dul síos, ó thaobh rialachais, le SURE léiríodh fiúntas mhodh an Aontais, i dteannta coinníollacht bunaithe ar bheartas agus cur chun feidhme náisiúnta solúbtha. Thionscain an Coimisiún SURE de réir mhodh Chomhphobal an Aontais, seachas an cur chuige idir-rialtasach. Leis sin áirithíodh cuntasacht agus dlúthpháirtíocht i measc na mBallstát, le linn a bheith ag rannchuidiú le haon stiogma féideartha a sheachaint. Níor mhol an Coimisiún ach coinníollacht bunaithe ar bheartas faoi SURE: ba é an t-aon choinníoll amháin a bhí ann chun an scéim a rochtain gur tháinig méadú géar agus tobann ar chaiteachas na mBallstát ar scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla de dheasca na paindéime, agus go n-úsáidfidís cistí SURE chun na críche a bhí beartaithe dóibh. Leis an gcineál sin coinníollachta bhí na Ballstáit in ann úinéireacht a choinneáil ar na bearta arna gcur chun feidhme go náisiúnta, le linn a bheith ag tairbhiú den tacaíocht airgeadais agus de na treoshuíomhanna beartais a soláthraíodh faoi SURE.

Ar an tríú dul síos, bhí forléiriú airgeadais láidir mar bhonn taca faoi ionstraim SURE. Tháinig SURE chun bheith ann bunaithe ar chóras ráthaíochta arna sholáthar ag na Ballstáit. Na Ballstáit uile, lena n-áirítear na hocht gcinn nár thairbhigh de SURE, sholáthair siad ráthaíochtaí arbh fhiú EUR 25 bhilliún iad san iomlán. Soláthraíodh na ráthaíochtaí sin go deonach, agus, nuair a deonaíodh iad, tháinig siad chun bheith neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus ar éileamh. Tá an córas ráthaíochta sin láidir ó thaobh airgeadais (le linn a bheith ina léiriú soiléir dlúthpháirtíochta freisin ar fud bhuiséad an Aontais). D'fhág an córas sin go raibh bannaí SURE an-inchreidte le haghaidh margaí agus gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, rud a réitigh an bealach le haghaidh an éilimh láidir ó infheisteoirí ar tháinig ann dó le haghaidh gach eisiúna. Leis an éileamh a bhí ar SURE, i measc na mBallstát agus infheisteoirí araon, laghdaíodh freisin an riosca stiogma a bhaineann le cúnamh airgeadais a bheith in úsáid ag aon Bhallstát ar leith.

IARSCRÍBHINN: Tuilleadh mionsonraithe maidir le hidirbhearta agus eisíocaíochtaí SURE

Tábla A1: Eisíocaíochtaí le Ballstáit faoi SURE (in EUR billiúin)

Tír	**Méid iomlán na hiasachta**	**An 1ú heisiúint SURE ón Aontas Idirbheart:** 20.10.2020 Eisíocaíocht: 27.10.2020			**An 2ú heisiúint SURE ón Aontas Idirbheart:** 10.11.2020 Eisíocaíocht: 17.11.2020			**An 3ú heisiúint SURE ón Aontas Idirbheart:** 24.11.2020 Eisíocaíocht: 01.12.2020	**An 4ú heisiúint SURE ón Aontas Idirbheart:** 26.01.2021 Eisíocaíocht: 02.02.2021			**An 5ú heisiúint SURE ón Aontas Idirbheart:** 09.03.2021 Eisíocaíocht: 16.03.2021	**An 6ú heisiúint SURE ón Aontas Idirbheart:** 23.03.2021 Eisíocaíocht: 30.03.2021			**An 7ú heisiúint SURE ón Aontais Idirbheart:** 18.05.2021 Eisíocaíocht: 25.05.2021			**An 8ú heisiúint SURE ón Aontas Idirbheart:** 22.03.2022 Eisíocaíocht: 29.03.2022	**An 9ú heisiúint SURE ón Aontas Idirbheart:** 07.12.2022 Eisíocaíocht: 14.12.2022	**Iomlán Eisíoctha** (100 % den mhéid iasachta)	**Meánaibíocht**
		10b	20b	**Iomlán**	5b	30b	**Iomlán**	15b	7b	30b	**Iomlán**	15b	5b	25b	**Iomlán**	8b	25,6b	**Iomlán**	15b	15b		
An Bheilg	8,2							**2,0**	1,3	0,7	**2,0**		1,3	0,9	**2,2**	1,1	0,9	**2,0**			**8,2**	**14,7**
An Bhulgáir	1,0															0,3	0,2	**0,5**		**0,5**	**1,0**	**15,0**
An Chróit	1,6				0,3	0,2	**0,5**					**0,5**								**0,6**	**1,6**	**14,5**
An Chipir	0,6				0,2	0,1	**0,3**		0,2	0,1	**0,2**					0,1	0,0	**0,1**		**0,0**	**0,6**	**14,7**
An tSeicia	4,5											**1,0**	1,0		**1,0**					**2,5**	**4,5**	**12,8**
An Eastóin	0,2															0,1	0,1	**0,2**			**0,2**	**15,0**
An Ghréig	6,2				1,0	1,0	**2,0**		0,7		**0,7**					1,6	0,9	**2,5**		**0,9**	**6,2**	**14,6**
An Ungáir	0,7							**0,2**	0,2	0,1	**0,3**								**0,1**		**0,7**	**14,8**
Éire	2,5												1,3	1,2	**2,5**						**2,5**	**14,7**
An Iodáil	27,4	5,5	4,5	**10,0**	3,1	3,4	**6,5**		4,5		**4,5**	**3,9**	0,7	1,2	**1,9**		0,8	**0,8**			**27,4**	**14,8**
An Laitvia	0,5				0,1	0,0	**0,1**		0,0	0,0	**0,1**					0,1	0,0	**0,1**		**0,2**	**0,5**	**14,7**
An Liotuáin	1,1				0,2	0,1	**0,3**					**0,3**				0,2	0,2	**0,4**		**0,1**	**1,1**	**14,8**
Málta	0,4				0,1	0,0	**0,1**					**0,1**				0,1	0,1	**0,2**			**0,4**	**14,6**
An Pholainn	11,2	1,0	0,0	**1,0**					2,6	1,7	**4,3**		1,4		**1,4**	1,1	0,5	**1,6**	**1,5**	**1,5**	**11,2**	**13,6**
An Phortaingéil	6,2							**3,0**								1,5	0,9	**2,4**	**0,5**	**0,3**	**6,2**	**14,7**

An Rómáin	3,0							**3,0**														**3,0**	**14,6**
An tSlóvaic	0,6							**0,3**				**0,3**										**0,6**	**14,9**
An tSlóivéin	1,1				0,2	0,0	**0,2**		0,5	0,4	**0,9**											**1,1**	**14,8**
An Spáinn	21,3	3,5	2,5	**6,0**	2,9	1,2	**4,0**			1,0	**1,0**	**2,9**	2,4	1,7	**4,1**	1,9	1,4	**3,4**				**21,3**	**14,7**
Iomlán	**98,4**	10,0	7,0	**17,0**	8,0	6,0	**14,0**	**8,5**	10,0	4,0	**14,0**	**9,0**	8,0	5,0	**13,0**	8,1	6,0	**14,1**	**2,2**	**6,5**		**98,4**	**14,5**

Tábla A2: Príomhstaidreamh Idirbhearta Iasachtaíochta SURE ón Aontas (EUR)

	SURE #1		SURE #2		SURE #3	SURE #4		SURE #5	SURE #6		SURE #7		SURE #8	SURE #9
Tráthchuid	10 mbliana	20 bliain	5 bliana	30 mbliana	15 mbliana	7 mbliana	30 bliain (tap)	15 mbliana	5 bliana	25 mbliana	8 mbliana	25 mbliana	15 mbliana	15 mbliana
Méid an bhanna	10 bn	7 bn	8 bn	6 bn	8,5 bn	10 bn	4 bn	9 bn	8 bn	5 bn	8,137 bn	6 bn	2,17 bn	6,548 bn
Táirgeacht	-0,238 %	0,131 %	-0,509 %	0,317 %	-0,102 %	-0,497 %	0,134 %	0,228 %	-0,488 %	0,476 %	0,019 %	0,757 %	1,199 %	2,767 %
Raon	BS+3 bps	BS+14 bps	BS-9 bps	BS+21 bps	BS-5 bps	BS-16 bps	BS+5 bps	BS-4 bps	BS-14 bps	BS+1 bps	BS-2 bps	BS+17 bps	BS-8 bps	BS+21 bps
An raon difríochta maidir le Bund (bps)	36,7	52,1	18,5	36,4	26,9	20	25,2	33,4	20	34,4	31,5	40,6	55,9	86,8
An raon difríochta maidir le OAT (bps)	9,2	3,2	7,7	-9,9	0,5	-1	-23,1	-2,6	3,1	-11	-1,2	-21	4,9	24
Lamháltas Eisiúna Nua	+1 bp	+2 bps	+1,5 bps	+2,5 bps	+1 bp	1 bps	1 bps	2	1,5 bps	1,5 bps	2 bps	2,5 bps	1 bps	4 bps
Éileamh iomlán na n-infheisteoirí	145 bn	88 bn	105 bn	70 bn	114 bn	83 bn	49 bn	86 bn	46,5 bn	40 bn	51,2 bn	37,5 bn	35 bn	25 bn

Tabhair faoi deara: Leis an staidreamh sin tagraítear d'iasachtaíochtaí an Choimisiúin thar ceann an Aontais. Le lamháltas eisiúna nua tagraítear don phréimh a íocadh le hinfheisteoirí a cheannaíonn banna eisiúna nua os cionn an raoin difríochta ag a mbeadh coinne leis go dtrádálfaí bannaí comhfhreagracha sa mhargadh tánaisteach.